# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Wopke HOEKSTRA

## An Aeráid, Glan-Nialasacht agus Fás Glan

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Ba mhór an onóir agus an phribhléid dom a bheith i mo Choimisinéir Eorpach um Ghníomhú ar son na hAeráide sa Choimisiún roimhe seo faoi stiúir an Uachtaráin, Ursula von der Leyen. Táim an-spreagtha leanúint de mo chion féin a dhéanamh ar mhaithe le hAontas Eorpach a dhéanann beart ar mhaithe lena shaoránaigh agus lena gheilleagar, lena dtodhchaí ó thaobh rathúnais agus sábháilteachta de, agus ar mhaithe le hAontas a thugann aird chuí ar a áit agus a fhreagracht ar domhan.

Bhí an Cogadh Fuar, scaradh pianmhar na hEorpa le cuirtín agus le balla, ar cheann de na gnéithe is sainiúla ó thaobh na staire de nuair a d'fhás mé aníos sna 1970idí agus sna 1980idí. D'fhoghlaim mé ó aois óg gan talamh slán a dhéanamh riamh de phribhléid na síochána, an rathúnais agus an chomhair, agus chun oibriú ar a son. Thug na blianta a chaith mé sa Róimh, agus níos déanaí i mBeirlín agus in Fontainebleau an deis dom maireachtáil agus oibriú thar lear, staidéar a dhéanamh ar theangacha iasachta, taithí a fháil ar bhealaí éagsúla maireachtála, ach níos tábhachtaí fós, foghlaim faoi na luachanna agus na haislingí atá i gcoitinne againn mar Eorpaigh. Ní mór dúinn seasamh ar a son. Freastal ar an gcúis phoiblí agus freagracht a ghlacadh, is é sin a thug orm mo ghairm san earnáil phríobháideach a thréigean agus díriú ar an tseirbhís phoiblí, san Ísiltír ar dtús agus ansin san Aontas Eorpach ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 i leith.

Agus mé ag breathnú siar ar mo chonair ghairmiúil, is léir go raibh an deis agam oibriú le go leor comhpháirtithe éagsúla ar fud an Aontais. Mar Aire Airgeadais, d'oibrigh mé i gComhghuaillíocht na nAirí Airgeadais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar chomhaid amhail Aontas na Margaí Caipitil, glasú airgeadas na hÍsiltíre, agus seoladh an 'Chiste Fáis' (*Groeifonds*) chun infheistíochtaí san fhás inbhuanaithe a mhéadú. Chomh maith leis sin, faoi mo mhaoirseacht, thug an Ísiltír reachtaíocht isteach i gcoinne cuideachtaí caocha agus thug sí aghaidh ar shaincheist na n-íocaíochtaí ríchíosa le dlínsí neamh-chomhoibríocha agus ísealchánach.

Le linn mo thréimhse mar Aire Gnóthaí Eachtracha na hÍsiltíre, d'oibrigh mé le mo chomhghleacaithe ar dhúshláin mhóra ár linne, cuir i gcás, an cogadh, an tslándáil, bagairtí agus an t-athrú aeráide, agus léiríodh dom a thábhachtaí atá an comhar. Mar Aire Gnóthaí Eachtracha, rinne mé mo dhícheall oibriú i dtreo Eoraip níos geopholaitiúla, airm a sheachadadh chuig an Úcráin agus an Rúis a choinneáil cuntasach go dlíthiúil. Is trí oibriú le chéile – ar an leibhéal náisiúnta san Eoraip agus ar fud an domhain chomh maith – is fearr is féidir linn, mar Aontas Eorpach, dul i ngleic leis na dúshláin sin.

Sa phost is déanaí a bhí agam, mar Choimisinéir um Ghníomhú ar son na hAeráide, in éineacht leis an gColáiste, d'oibrigh mé le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun na beartais is gá a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, mar aon lenár spriocanna aeráide le haghaidh 2030. Tá mise go láidir den bharúil nach mór dúinn an gníomhú ar son na haeráide a nascadh le hiomaíochas

méadaithe agus le geilleagar rathúil nach bhfágann aon duine ar lár. D'oibrigh mé i dtreo reachtaíocht aeráide a éascú, amhail na caighdeáin astaíochtaí CO2 d'fheithiclí tromshaothair agus deimhniú aistrithe carbóin.

Mar sin féin, ní féidir leis an Eoraip dúshláin an athraithe aeráide a réiteach aisti féin. Dá bhrí sin, tá gníomhaíocht dhomhanda an Choimisiúin maidir leis an athrú aeráide curtha chun cinn agam, rud a urramaíonn ár dtiomantas do Chomhaontú Pháras. In éineacht leis an Uachtarán von der Leyen, d'oibrigh mé lenár gcomhpháirtithe ar fud an domhain chun toradh rathúil a fháil ar chaibidlíocht COP28, rud a d'fhág go raibh tiomantas domhanda ann feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt, acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí agus aistriú ó bhreoslaí iontaise mar chuid den Athbhreithniú Domhanda.

Tá súil agam gur féidir liom a rá gur chomhlíon mé na gealltanais a thug mé 12 mhí ó shin nuair a ceistíodh mé mar Choimisinéir ainmnithe sa Pharlaimint agus geallaim go mbeidh sé sin amhlaidh arís má bhíonn muinín ag an bParlaimint asam. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um an Aeráid, Glan-Nialasacht agus Fás Glan, déanfaidh mé mo sheacht ndícheall a chinntiú go leanaimid dá n-iarrachtaí an aeráidneodracht a bhaint amach agus ár ngeilleagar á fhás againn ag an am céanna.

Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach dálaí fabhracha a chruthú dár gcuideachtaí chun t-aistriú a dhéanamh. Tacóidh uirlisí amhail an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) le huaillmhian mhéadaithe aeráide an Aontais agus cinnteoidh siad nach mbainfear an bonn den ghníomhú ar son na haeráide trí tháirgeadh a athlonnú i dtíortha nach bhfuil beartais aeráide chomh huaillmhianach céanna acu. Cuideoidh mé leis an gcéad chéim eile san aistriú seo a fhorbairt. Cuirfear san áireamh leis sin togra chun sprioc maidir le laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí faoi 2040 a chumhdach sa Dlí Aeráide Eorpach. Trí iomaíochas agus aistriú cóir a chinntiú, beimid in ann sprioc 2040 a bhaint amach. Cuirfidh mé Plean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide chun cinn freisin, i gcomhréir le treoirlínte polaitiúla an Uachtaráin thoghaí agus i gcomhréir lenár gcuid oibre ar an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, ar an ullmhacht agus ar an mbainistiú riosca. Tugann ár n-iarrachtaí an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó agus ullmhú dó deis dúinn a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh na heacnamaíochta de. Dá bhrí sin, in éineacht leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch, agus i gcomhairle leis na Coimisinéirí eile lena mbaineann, forbróidh mé an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus béim á leagan ar dhícharbónú, ar theicneolaíochtaí glana agus ar dhreasú infheistíochtaí.

Táim lánchinnte go bhfuil ról ríthábhachtach ag réimse an chánachais maidir le tacú leis an iomaíochas, leis an rathúnas agus leis an gcothroime agus maidir leis an dá aistriú a chur chun feidhme. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, díreoidh mé ar bhealaí a aimsiú dár gcáinchórais tacú leis na cuspóirí sin. Oibreoidh mé go háirithe i dtreo cánachas fuinnimh agus bearta cánach lena ndreasaítear glacadh teicneolaíochtaí glana, agus fiosróidh mé conas na córais CBL a ghlasú a thuilleadh. Braitheann cothroime sa chánachas freisin ar chalaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac. Dá bhrí sin, oibreoidh mé chun an leibhéal uaillmhéine is airde san Eoraip a choinneáil. Mar chomhlánú ar ár n-iarrachtaí intíre, oibreoidh mé i gcomhar leis na Ballstáit chun an comhaontú domhanda maidir le hathchóiriú cánach idirnáisiúnta a chur chun feidhme.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, ba mhór an onóir agus an chúis bhróid dom a bheith i mo bhall de Choláiste atá faoi stiúir Uachtarán ar an gCoimisiún a rinne gaisce stairiúil nuair a ceapadh í mar an chéad Uachtarán baineann riamh in 2019. Le linn mo ghairmréime ar fad, thacaigh mé leis an gcomhionannas inscne, cuir i gcás trína chinntiú go raibh m'fhoirne féin cothrom ó thaobh inscne de. Ach tá níos mó i gceist leis an éagsúlacht ná comhionannas inscne. Is foirne ilchineálacha na foirne is fearr a fheidhmíonn, agus dá bhrí sin cuirfidh mé an éagsúlacht chun cinn áit ar bith is féidir liom. Ós rud é gur athair mé is maith is eol dom gurb é cuid de mo fhreagracht mar thuismitheoir, agus mar státseirbhíseach freisin, a chinntiú go bhfágfar mór-roinn agus pláinéad dóibh inar féidir leo a bheith rathúil agus a bheith ag dréim le sonas. Chuige seo, caithfear a nguthanna a chloisteáil. Sa ról atá agam faoi láthair, bhí mé i dteagmháil go rialta le daoine óga maidir le beartais aeráide, bídís ina nAmbasadóirí faoin gComhshocrú Aeráide, ina bhfeirmeoirí óga nó ina ndaoine óga a thacaíonn le cúis ar leith, chun a chinntiú go gcuirfear a ndearcthaí san áireamh. Táim tiomanta do leanúint de rannpháirtíocht seo na nguthanna óga trí Idirphlé Óige, rud a bhfuilim ag tnúth lena sheoladh sa chéad 100 lá den sainordú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, gníomhóidh mé go hiomlán i gcomhréir le fuarlitir agus spiorad na gConarthaí agus an Chóid Iompair do Choimisinéirí. Ní ghlacfaidh mé teagasc ó aon Rialtas ná ó aon eintiteas eile, agus gníomhóidh mé i gcónaí ar mhaithe le leas na hEorpa. I gcás ina dtiocfadh aon staid chun cinn a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a bheith mar thoradh uirthi, nó ina bhféadfaí mo neamhchlaontacht a cheistiú, chuirfinn an tUachtarán ar an eolas láithreach. Tá mo dhearbhú leasanna poiblí agus iomlán, agus geallaim go gcinnteoidh mé go dtabharfar cothrom le dáta é má thagann athrú ar mo chúinsí pearsanta.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Tar éis dom oibriú go dlúth le Parlaimint na hEorpa sa ról atá agam faoi láthair mar Choimisinéir um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá taithí phearsanta faighte agam ar cheannaireacht, ar shaineolas agus ar thiomantas na Parlaiminte dár gclár oibre maidir le gníomhú ar son na haeráide i dtreo 2050. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, geallfaidh mé an athuair go n-oibreoidh mé leis an bParlaimint agus go n-urramóidh mé go hiomlán a ról institiúideach agus a cearta i réimse na haeráide, an ghlan-nialais, an fháis ghlain agus an chánachais. Áiritheoidh mé freisin go gcuirfidh na seirbhísí a bheidh faoi mo chúram an meon céanna comhair agus urraime i bhfeidhm maidir le ról na Parlaiminte sna réimsí beartais faoi seach.

Faoi stiúir an Uachtaráin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Comhaltaí uile an Choláiste. Chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht iomlán ár gcuid oibre a áirithiú, beidh dlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch agus leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch araon lárnach domsa, mar aon leis an obair le Coimisinéirí eile, lena n-áirítear maidir le seirbhísí airgeadais, an comhshaol agus athléimneacht i réimse an uisce, talmhaíocht, fuinneamh, iompar agus trádáil, mar aon le simpliú.

Sheas mé go daingean i gcónaí leis an tuairim go mbíonn oibriú i dtreo cuspóirí comhroinnte agus baint amach torthaí rathúla ag brath a mhéid is mó is féidir ar idirphlé rialta, ar chomhar, ar mhuinín fhrithpháirteach agus ar thrédhearcacht. Geallaim go hiomlán go gcomhoibreoidh mé de mheon macánta le Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an gCreat-Chomhaontú. Tá feidhm aige sin maidir leis an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI), an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) agus a Fhochoiste um Chúrsaí Cánach (FISC), an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) agus aon Choiste eile a bhfuil leas aige san aeráid, sa ghlan-nialas, san fhás glan agus sa chánachas, agus a dteastaíonn idirphlé uaidh.

Tar éis taithí phearsanta a fháil ar go leor idirghníomhaíochtaí díreacha éagsúla leis an bParlaimint, measaim nach dualgas institiúideach amháin atá iontu ach bunchloch dár gcaidreamh agus bonn do cheapadh beartais agus do chur chun feidhme rathúil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, leanfaidh mé de bheith rannpháirteach i ndíospóireachtaí parlaiminteacha agus rachaidh mé i dteagmháil leis an bParlaimint agus leis na Feisirí sna formáidí éagsúla atá sna réimsí faoi mo chúram. Táim tiomanta do ról an Choimisiúin a fheidhmiú sa phróiseas reachtach, cuir i gcás i gcruinnithe tríthaobhacha idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus lánurraim á tabhairt don Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus don Chreat-Chomhaontú idir an dá institiúid. Ós rud é gur bróicéir macánta mé, caithfidh mé go cothrom leis an bParlaimint agus leis an gComhairle agus cuirfidh mé eolas agus doiciméid ar fáil dá réir, agus a gcearta agus a n-oibleagáidí institiúideacha faoi Chonarthaí AE á n-urramú.

I gcomhréir leis an gCreat-Chomhaontú, táim tiomanta freisin mo dhícheall a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar freagra laistigh de thrí mhí ar rúin ó Pharlaimint na hEorpa atá faoi mo shainchúram. Ina Treoirlínte Polaitiúla, gheall an tUachtarán toghaí comhar an Choimisiúin maidir le rúin na Parlaiminte i ndáil le hAirteagal 225 a neartú a thuilleadh, trí Choimisinéirí a bheith rannpháirteach in idirphlé struchtúrtha leis na Coistí Parlaiminteacha maidir leis na rúin sin. Táim tiomanta don idirphlé sin a chinntiú sna réimsí atá faoi mo chúram. Mar a léirigh mé tríd an iliomad idirghníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a bhí agam leis an bParlaimint go dtí seo, leanfainn de bheith ag glacadh le cruinnithe, litreacha agus ceisteanna ó Fheisirí na Parlaiminte chomh maith agus is féidir liom agus chomh tapa agus is féidir liom. Bhí sé tábhachtach domsa go pearsanta, agus do rath ár gcuid oibre freisin, gur oibrigh mé, ar bhonn réamhghníomhach, le Parlaimint na hEorpa ar fud an speictrim pholaitiúil, roimh chaibidlíocht COP28 agus lena linn, agus ar na comhaid eile ar fad atá faoi mo chúram, agus leanfaidh mé de sin a dhéanamh. Déanfaidh mé faireachán ar fhorfheidhmiú agus ar chur chun feidhme beartas faoi mo réimsí freagrachta, agus cuirfidh mé é sin in iúl do na coistí parlaiminteacha ábhartha atá i gceannas.

Tríd an taithí a fuair mé mar Chomhalta tofa i Seanad na hÍsiltíre ó 2011 go 2017, agus ina dhiaidh sin mar Aire Airgeadais, mar Aire Gnóthaí Eachtracha agus mar Leas-Phríomh-Aire, agus anois mar Choimisinéir Eorpach, is maith is eol dom an tábhacht a bhaineann le dea-chaidrimh oibre agus le hidirghníomhaíochtaí rialta. Dá bhrí sin, rinne mé mo dhícheall i gcónaí teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le Feisirí na Parlaiminte, muinín a chothú agus oibriú le chéile i dtreo tacaíocht leathan. Ó mo thaithí féin, chuidigh sé sin ní hamháin le réitigh a fháil i ngnáthphróisis reachtacha ach freisin leis an muinín agus an urraim is gá a chothú a bhfuil gá níos mó leo in aimsir phráinne nó i mórchinntí beartais, amhail aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, tacaíocht a thabhairt don Úcráin agus aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh mé ag súil go mbeidh dúshláin romhainn freisin, ó am go chéile, maidir le teacht ar réitigh agus ar chomhaontuithe. Mar sin féin, is iad seo na hamanna sa pholaitíocht nuair is féidir le malartú oscailte, muiníneach agus measúil cuidiú leis an gcomhthuiscint a aithint. Tá mo dhoras ar oscailt agus fanfaidh sé ar oscailt i gcónaí, agus tá áthas orm gur éirigh le go leor agaibh tástáil a dhéanamh orm ar an ngealltanas seo a thug mé daoibh bliain ó shin.

Faoin mana a bhaineann le bheith ag obair le chéile ar son na hEorpa agus a bheith ag obair níos gaire do mhuintir na hEorpa, tá tús curtha ag an Uachtarán toghaí, in éineacht lena Coláiste nua, le Coimisiún atá níos láithrí ar an láthair, ar bhonn níos minice agus i níos mó réigiún. Aontaím go huile is go hiomlán leis an gclár oibre seo. Mar an t-aon institiúid a thoghann saoránaigh ar fud na 27 mBallstát go díreach, is í Parlaimint na hEorpa an guth uathúil sin. Táim tiomanta do chuairt a thabhairt ar na Ballstáit go rialta agus nuair is féidir, is mian liom dul go háiteanna áitiúla – cathracha, sráidbhailte, ceantair thuaithe agus iargúlta – chun bualadh le saoránaigh agus chun a gcuid riachtanas agus a gcuid cuspóirí a phlé libh. Bhí malartuithe den sórt sin ar na malartuithe ba shaibhre agus ba réamhbhreathnaithí i mo róil roimhe seo sa tseirbhís phoiblí agus i mo ról faoi láthair mar Choimisinéir Eorpach. Tá idirphlé, meas agus spiorad an chomhair mhacánta ríthábhachtach domsa chun freastal ar leas an phobail. Geallaim an méid sin i mo chuid oibre libh maidir leis an aeráid, an ghlan-nialasacht, an fás glan, an cánachas agus tuilleadh nach iad.

Ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

**Cánachas corparáideach agus Calaois Chánach, Imghabháil Cánach agus Seachaint Cánach a Chomhrac**

*3. Cad atá beartaithe agat a dhéanamh trí bheartais chánach chun tacú le hiomaíochas san Aontas, chun chostais comhlíontachta cánach agus an t-ualach cánach a laghdú go háirithe i gcás cuideachtaí beaga, agus leanúint, ag an am céanna, den chomhrac i gcoinne calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach? Cén straitéis atá ar intinn agat a chur i gcrích chun an aontoilíocht sa Chomhairle a shárú chun tionscnaimh chomhchoiteanna an Aontais maidir le cánachas corparáideach, amhail DEBRA, HOT agus BEFIT, agus tograí frithsheachanta a ghlacadh, amhail dul i ngleic le cuideachtaí caocha mí-úsáideacha laistigh den Aontas? An ndéanfaidh tú togra chun a chinntiú nach mbeidh na sócmhainní digiteacha agus na hairgeadraí digiteacha ina meán le haghaidh imghabháil cánach nó seachaint cánach?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé d'fhonn tionscnaimh chánach an Aontais a ghlacadh chun tacú le hiomaíochas, rathúnas agus cothroime shóisialta na hEorpa agus leanfaidh mé, ag an am céanna, den chomharc i gcoinne calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach.

Tugtar tosaíocht do rathúnas inbhuanaithe agus d'iomaíochas na hEorpa i gclár oibre polaitiúil an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh na mblianta atá le teacht. Chun é sin a bhaint amach, ba cheart é a bheith níos éasca agus níos tapúla gnó a dhéanamh san Eoraip, go háirithe le haghaidh FBManna. Sin an fáth a gcuirfear de chúram ar gach Coimisinéir na hualaí riaracháin a laghdú agus an simpliú a fheabhsú. Tá sé beartaithe agam an clár oibre sin a chur chun cinn trí thosaíocht a thabhairt don obair is gá chun rialacha an Aontais maidir le cánachas corparáideach atá ann cheana a shimpliú agus a chomhdhlúthú. Tá margadh inmheánach dea-fheidhmiúil ríthábhachtach dár n-iomaíochas, agus tá sé ríthábhachtach coinneáil suas le héabhlóid na margaí domhanda iomaíocha. Chun na críche sin, beidh sé tábhachtach aghaidh a thabhairt, i gcás inar gá, ar thírdhreach ilroinnte na reachtaíochta maidir le cáin chorparáide san Aontas. Leanfaidh mé den obair ar athchóiriú an chánachais chorparáidigh i gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, agus é d'aidhm agam an creat reachtach a shimpliú, dul i ngleic le bacainní a chuireann srian ar chumas ár gcuideachtaí uas-scálú agus an leas is fearr is féidir a bhaint as an margadh inmheánach.

Tosóidh mé le tástáil struis a dhéanamh ar *acquis* cánach reatha an Aontais chun neamhréireachtaí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, mar shampla forluí, contrárthachtaí nó rialacha atá as dáta, e.g. trí mheastóireachtaí a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana, chun éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas

agus breisluach na dtreoracha cánach dírí atá ann faoi láthair a thástáil. Go dtí seo, tá meastóireachtaí seolta ag an gCoimisiún le haghaidh dhá threoir i réimse an chánachais dhírigh, go háirithe an Treoir in aghaidh Seachaint Cánach (ATAD) agus an Treoir maidir le Comhar Riaracháin (DAC). Beidh sé sin mar chuid de chlár oibre níos leithne chun slacht a chur ar *acquis* cánach dírí an Aontais, i gcás inar gá, agus simpliú níos fearr agus laghdú ualaigh níos fearr a thabhairt i gcomhréir le gealltanas an Uachtaráin oibleagáidí tuairiscithe a laghdú 25 % ar a laghad agus 35 % i gcás FBManna an Aontais. Leis an scrúdú sin ar na treoracha, beifear in ann forluí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint mar aon le bearnaí agus réimsí ina bhféadfadh an reachtaíocht tairbhe a bhaint as foclaíocht níos soiléire nó as forálacha neartaithe.

Baineann feidhmiú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh freisin le creat a chruthú le haghaidh tírdhreach cánach atá athléimneach in aghaidh calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach. Ós rud é go mbíonn forbairt ag teacht de shíor ar theicneolaíochtaí agus ar chúinsí agus go gcuireann siad deiseanna nua ar fáil maidir le seachaint agus imghabháil cánach, tá sé d'aidhm agam leanúint d'obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú reachtaíocht an Aontais maidir le cáin dhíreach. Garsprioc stairiúil ab ea an comhaontú domhanda maidir le hathchóiriú cánach idirnáisiúnta, lena dtugtar isteach íosráta cánach éifeachtach domhanda le haghaidh grúpaí móra cuideachtaí. Chomh maith le faisnéis chánach a bhailiú, tá sé fíor-riachtanach deireadh a chur le bearnaí cánach nó iad a mhaolú. I ndáil leis an méid sin, is féidir leis an Aontas tacú le riaracháin chánach trí dhea-chleachtais a roinnt agus trí mhodheolaíochtaí diana a fhorbairt chun bearnaí cánach a ríomh.

Gné dhúshlánach de chruthú bheartas cánach an Aontais is ea an nós imeachta reachtach speisialta a éilíonn comhaontú d'aon toil idir na Ballstáit. Tá sé ábhartha i gcónaí do na Ballstáit ceannasacht a choinneáil ar ábhair a dhéanann difear díreach dá ngeilleagair agus dá státchistí. Dá réir sin, mínítear an drogall atá ar na Ballstáit maidir leis an bhféidearthacht cinnteoireacht na Comhairle maidir le cúrsaí cánachais a oiriúnú don vótáil trí thromlach cáilithe. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé mo dhícheall leanúint de thorthaí a bhaint amach maidir le tograí cánachais chorparáidigh trí idirghníomhaíocht iomchuí leis na Ballstáit uile.

Is fiú a thabhairt faoi deara gur chomhaontaigh na Ballstáit d'aon toil roinnt príomhthograí maidir le cáin dhíreach le linn shainordú an Choimisiúin a bhí ann roimhe seo; lena n-áirítear Treoracha maidir le Comhar Riaracháin 7 (Ardáin Dhigiteacha) agus 8 (Idirbhearta Cripteashócmhainní), an Treoir maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas (Colún 2) agus le déanaí, an Treoir maidir le Faoiseamh Cánach níos Tapúla agus níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha (FASTER).

Ó bhí 2022 ann, níor pléadh go gníomhach sa Chomhairle an togra chun aghaidh a thabhairt ar an gclaontacht fiachais/cothromais (DEBRA). Scrúdóidh mé toilteanas na mBallstát athmhachnamh a dhéanamh ar an tionscnamh seo i bhfianaise phríomhchlár oibre iomaíochais an tsainordaithe nua agus i bhfianaise na huaillmhéine Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a fhorbairt. Ina theannta sin, oibreoidh mé chun réitigh nuálacha a shainaithint le haghaidh creat cánach comhleanúnach d'earnáil airgeadais an Aontais, agus é d'aidhm agam tacú le comhtháthú breise na hearnála airgeadais, oibríochtaí trasteorann a éascú agus digitiú agus nuálaíocht a chothú. Tá staidéar tionscanta ag an gCoimisiún cheana féin chun féachaint ar bhealaí féideartha chun cáin a ghearradh ar an earnáil airgeadais.

An Gnó san Eoraip: Is tionscadal fadtéarmach é an togra maidir le Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT). Tá forbairt comhchreata cánach corparáide san Aontas ina príomhchuspóir le blianta fada anuas agus leanfaidh sí de bheith ina tosaíocht. Sna blianta amach romhainn, b'fhéidir go mbeidh orainn breathnú ar an togra sin trí lionsa ár dtaithí le Colún 2, rud atá ag athrú an tírdhreacha cánach idirnáisiúnta cheana féin.

Is eol dom na deacrachtaí a bhaineann le cripteashócmhainní a aicmiú, a luacháil agus a riar. D'fhéadfadh sé sin dúshláin a chruthú do riaracháin chánach atá ag iarraidh cáin a ghearradh orthu go cothrom agus go héifeachtach. D'oibrigh seirbhísí an Choimisiúin leis na Ballstáit chun comhroinnt taithí agus dea-chleachtas sa réimse sin a éascú agus a chothú. In éineacht leis an Rialachán maidir le Margaí Cripteashócmhainní (MICA), lena rialófar eisitheoirí criptea-shócmhainní agus iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann le criptea-airgeadraí, leis an Treoir maidir le Comhar Riaracháin i réimse an chánachais (DAC 8), cuirfear feabhas ar thrédhearcacht cánach na n-idirbheart cripteashócmhainní agus laghdófar an riosca calaoise cánach, imghabhála cánach agus seachanta cánach. Táimid réidh le tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar na saincheisteanna sin nuair is gá.

**Comhaontú Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (CC) maidir le Colún a hAon agus Colún a Dó**

*4. I gcomhaontú Cholún II ECFE maidir leis an íosráta cánach éifeachtach 15 %, áirítear díolmhuithe a d'fhéadfadh deiseanna a fhágáil le haghaidh pleanáil ionsaitheach cánach. Cad a dhéanfaidh tú chun aghaidh a thabhairt ar aistriú brabúis chorparáidigh agus ar iomaíocht dhíobhálach chánach laistigh den Aontas agus i leith tríú tíortha, agus na díolmhuithe atá sa chomhaontú cánach domhanda á gcur san áireamh? An bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Eorpach togra a chur ar aghaidh, in éagmais dhaingniú chomhaontú Cholún I ag an gCoinbhinsiún Iltaobhach ag tairseach chriticiúil tíortha?*

Is é príomhchuspóir de chuid Chomhaontú Cholún 2 pleanáil ionsaitheach cánach ag grúpaí móra cuideachtaí a chur faoi chois, rud a léirítear go soiléir é i Rialacha Samhla ECFE agus i dTreoir 'Cholún 2' an Aontais ('P2D'). Tá na rialacha sin mar chuid d'athchóiriú mór arb é is aidhm dó íosleibhéal cánachais a bhunú ar an leibhéal domhanda chun srian a chur leis an iomaíocht maidir le rátaí cánach corparáide.

De réir sonraí a fuarthas le déanaí ó ECFE (An Íoscháin Dhomhanda agus cánachas ar bhrabús FIN | ECFE), ginfidh Colún 2 gnóthachain ioncaim mheasta USD 155-192 bhilliún in aghaidh na bliana (bunaithe ar shonraí ón tréimhse 2017-2020). Cé go bhfuil coinne leis go dtiocfaidh thart ar dhá thrian de na gnóthachain sin go díreach ón íoscháin, tá coinne leis go dtiocfaidh thart ar aon trian de na gnóthachain sin chun cinn go hindíreach trí aistriú brabúis laghdaithe.

Is beag duine a cheapfadh 5 bliana ó shin go mbeadh beart domhanda indéanta maidir le híoschánachas éifeachtach ar chuideachtaí ilnáisiúnta a áirithiú. Bhí na díolmhuithe ina ndlúthchuid den phacáiste comhréitigh a comhaontaíodh. Tá sé d'aidhm ag an díolmhú bunaithe ar thábhacht eacnamaíoch cásanna a chur san áireamh ina bhfuil an riosca cleachtais ionsaitheach teoranta, mar gheall ar mhórthábhacht eacnamaíoch a bheith ann. Tá conair laghdaithe de réir a chéile sa chomhaontú cheana féin agus rinneadh caibidlíocht chúramach air.

Anois, tá sé ríthábhachtach a oiread dlínsí agus is féidir a spreagadh chun creat Cholún 2 a chur chun feidhme. Tá an Coimisiún ag gabháil do Cholún 2 a chur chun cinn ag fóraim éagsúla (ECFE, na Náisiúin Aontaithe, etc.). Meastar go mbeidh thart ar 90 % d'fhiontair ilnáisiúnta a thagann faoi raon feidhme faoi réir na híoschánach nua faoi 2025, ar bhonn na ndlínsí a bhfuil an íoscháin sin curtha chun feidhme iontu nó a bhfuil sé fógartha acu go gcuirfear chun feidhme í. Mar sin féin, ní leor é sin chun sláine an chórais a chaomhnú. Ina ionad sin, is é an príomhpharaiméadar a áirithiú, ó 2025 ar aghaidh, go ngabhfar cáiníocóirí i ndlínsí nach gcuirtear an íoscháin chun feidhme iontu leis an riail 'chúlstop', mar a thugtar uirthi (An Riail maidir le hÍocaíochtaí faoi Thearc-cháin– RÍFTC), agus go mbeidh cáin á gearradh ar na cáiníocóirí sin mar thoradh uirthi. Is é sin an chomhpháirt chinntitheach de chreat Cholún 2 lenar féidir a áirithiú nach n-oibreoidh na rialacha chun dochair do dhlínsí cur chun feidhme.

I bhfianaise an mhéid sin, leanfaidh mé de na dlínsí tiomanta uile a spreagadh chun na rialacha a chur chun feidhme nó chun dul i gcomhar go tapa chun faisnéis a mhalartú go héifeachtach, ionas go mbeidh siad siúd a tháinig isteach i gColún 2 in ann é a chur i bhfeidhm. Beidh sé ríthábhachtach na rialacha a chur i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach comhordaithe. Tá na hiarrachtaí uile a rinneadh le déanaí ag ECFE agus ag an gCreat Cuimsitheach ag dul sa treo sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, rachaidh mé i dteagmháil leis na príomhghníomhaithe uile, go háirithe na Stáit Aontaithe. Ar deireadh, má théitear timpeall ar na rialacha, mar shampla trí thuairisciú míchruinn nó calaoiseach fiú, beidh ar na Ballstáit a gcumhachtaí measúnaithe agus forfheidhmithe a úsáid chun a ráthú gur féidir le Colún 2 feidhmiú go rianúil.

Ba mhaith liom a chur in iúl freisin, de bhreis ar Cholún 2, go bhfuil an Coimisiún ag leanúint dá iarrachtaí níos leithne chun aghaidh a thabhairt ar phleanáil ionsaitheach cánach, mar shampla trí thogra UNSHELL, togra atá ar feitheamh sa Chomhairle ó bhí 2021 ann.

A mhéid a bhaineann le Colún 1, aithním an géarghá atá le cánachas digiteach atá cothrom agus éifeachtach. Dearadh na rialacha idirnáisiúnta cánach atá ann faoi láthair le haghaidh gnólachtaí a bhfuil láithreacht fhisiciúil acu agus ní ghabhann na rialacha an luach a chruthaíonn samhlacha gnó digiteacha go leordhóthanach. Tacaíonn an Coimisiún go láidir le hobair ECFE, obair a sainordaíodh le Creat Cuimsitheach G20, toisc gur fearr réiteach iltaobhach ná iomadú réiteach náisiúnta. Chláraigh thart ar 140 dlínse leis an gcuspóir sin ar dtús, agus tacaím go pearsanta leis.

Tá Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE réidh agus níl sé á phlé a thuilleadh. Ní mór dúinn teacht ar chomhaontú maidir le Méid B (simpliú ar roinnt rialacha maidir le praghsáil aistrithe) anois, chun an pacáiste iomlán a scaoileadh. Is cúram dúshlánach é sin, mar is léir ó chur siar arís agus arís eile an chomhaontaithe. Ach creidim nach cúram dodhéanta é, i bhfianaise an mhéid atá bainte amach cheana féin.

Leanfaidh mé de bheith lántiomanta do chur chuige iltaobhach i leith an chánachais dhigitigh. Is chun leas an chomhphobail dhomhanda a bheadh sé réiteach tapa comhordaithe a bhaint amach faoi Cholún 1. Ranna an Choimisiúin atá freagrach as cánachas, tá ról gníomhach acu sa phlé ar Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an gComhar Idirnáisiúnta Cánach a bheidh ann amach anseo, ar dócha go mbeidh raon feidhme leathan aige.

Ar deireadh, níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh ar an obair fhíor-riachtanach a rinneadh sa Mheitheal um an gCód Iompair maidir le cánachas gnó ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, obair a léiríonn uaillmhian an Choimisiúin caighdeáin idirnáisiúnta dea-rialachais cánach a chur chun cinn ar fud an domhain. A bhuí leis an sruth oibre sin, rinneadh 160 córas cánach díobhálach i mbreis agus 60 tír a leasú nó a rolladh siar. Tá an Coimisiún ar thús cadhnaíochta maidir le hathruithe a mholadh ar chritéir an Aontais maidir le liostú, ar critéir iad nach mór dóibh leanúint de bheith ag forbairt chun go gcuirfear in oiriúint iad do dhúshláin nua. Aithním gur gá leanúint den chomhrac i gcoinne mí-úsáid cánach agus táim réidh chun oibriú ar chomhordú domhanda níos fearr sa réimse sin.

**Cánachas Comhshaoil**

*5. A mhéid a bhaineann le do shainchúraimí ar an aeráid agus ar chánachas, conas a dhéanfaidh tú cánachas a ghiaráil chun spriocanna aeráide a chur chun cinn agus cad iad na tionscnaimh a chuirfidh tú i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar bheartais cánach fuinnimh? An ndéanfaidh tú togra nua maidir le Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a thionscnamh agus na moltaí ó thuarascáil Draghi á gcur san áireamh agat? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat an sprioc laghdaithe astaíochtaí 90 % a réiteach faoi 2040 laistigh den chaibidlíocht atá ar siúl ag an gComhairle faoi láthair maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh? An ndéanfaidh tú bearta a mholadh le linn an tsainordaithe seo chun cáin a ghearradh ar an eitlíocht agus ar an earnáil mhuirí ar bhealach níos éifeachtaí?*

Creidim go láidir gur príomhionstraim phraghsála é an cánachas chun spriocanna aeráide a chur chun cinn. Tá sé de chumas aige gníomhú mar chatalaíoch don chlaochlú agus daoine aonair agus gnólachtaí a spreagadh chun roghanna níos inbhuanaithe a dhéanamh. Mar sin féin, níl cánacha comhshaoil an Aontais comhchuibhithe faoi láthair, rud a fhágann go bhfuil mí-eagar ann maidir le cánachas comhshaoil agus cánachas carbóin ar fud na mBallstát. Cruthaíonn an easpa comhleanúnachais sin mearbhall agus baineann sí an bonn d'éifeachtacht ár mbeartas aeráide. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um Chánachas agus um Aeráid, beidh mé in ann an leas is fearr is féidir a bhaint as na huirlisí atá ar fáil agus an t-ailíniú idir beartas cánachais agus spriocanna aeráide a áirithiú. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, tá sé d'aidhm agam dul i mbun plé leis na Ballstáit chun cur chuige níos cothroime agus níos comhleanúnaí a bhaint amach maidir le cánachas comhshaoil. Trí oibriú le chéile, is féidir linn cothrom iomaíochta níos fearr a chruthú agus a áirithiú go mbeidh na Ballstáit uile ailínithe lenár mbeartais choiteanna aeráide agus chomhshaoil. Tá deis ann, cuir i gcás, feabhas a chur ar úsáid cánacha comhshaoil chun cur i bhfeidhm an phrionsabail 'íoc mar a thruaillítear' a áirithiú.

Is éard atá i gcánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas san Aontas cánacha a théann thar raon feidhme na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh (ETD). Cuirtear in iúl i dtuarascáil Draghi gur cuid de chóras níos leithne muirear, tobhach agus costas gréasáin iad na cánacha fuinnimh. Is maith is eol dom an tionchar a bhíonn ag praghsanna fuinnimh ar iomaíochas thionscal an Aontais agus is cúis imní dom an tionchar a bhíonn acu ar ghnólachtaí agus ar theaghlaigh. Déanfaidh mé machnamh ar mholtaí Thuarascáil Draghi, lena n-áirítear réitigh atá bunaithe ar chomhar idir na Ballstáit chun an margadh inmheánach a neartú agus chun a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag cánacha, muirir agus tobhaigh ar phraghsanna fuinnimh agus ar iomaíochas thionscal an Aontais, agus ag an am céanna tacú le cuspóirí an aistrithe ghlain, in éineacht leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht.

Leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, arb é atá ann an chuid dheireanach den phacáiste 'Oiriúnach do 55' nár glacadh go fóill agus atá á chaibidliú sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa faoi láthair, féachtar leis an athbhreithniú sin an creat sin a nuachóiriú trína ailíniú le cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais. Príomhghné amháin de seo is ea córas rangaithe a thabhairt isteach ina ngearrtar cáin níos mó ar tháirgí truaillitheacha, rud a spreagann úsáid fuinnimh níos glaine, agus tabhairt isteach táirgí nua ar nós amóinia agus hidrigin. Chun glacadh an leictreachais a chur chun cinn a thuilleadh, bheadh na Ballstáit in ann an cánachas ar leictreachas a sholáthraítear d'fheithiclí leictreacha, d'eitleáin leictreacha nó do shoithí leictreacha (cois cladaigh) a laghdú go nialas. Leis an athbhreithniú, tabharfar struchtúr na rátaí cánach cothrom le dáta freisin, cuirfear teorainn leis an raon feidhme do dhíolúintí agus maoluithe cánach náisiúnta lena gceadaítear laghduithe faoi bhun íosrátaí, agus áiritheofar comhchuibhiú níos fearr ar fud an Aontais, agus cumas na mBallstát ioncam a ghiniúint á chaomhnú ag an am céanna. Tacóidh an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh leis

an Aontas a spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, trí úsáid breoslaí níos inbhuanaithe nó níos in-athnuaite a chur chun cinn, agus, ag an am céanna, tacaíocht á tabhairt d'fhás atá iomaíoch, inbhuanaithe agus cothrom ó thaobh na sochaí de san Aontas. Léirigh an ghéarchéim fuinnimh spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise ó thríú tíortha. Beidh ról lárnach ag an Treoir athbhreithnithe maidir le Cánachas Fuinnimh chun tacú leis an aistriú ó na foinsí fuinnimh allmhairithe sin go fuinneamh is féidir a tháirgeadh san Aontas amhail fuinneamh in-athnuaite, rud a fhágfaidh nach mbeidh an tAontas chomh so-ghabhálach céanna i leith suaití sa mhargadh idirnáisiúnta atá nasctha le soláthairtí tríú tír agus nach mbeidh sé chomh spleách céanna ar fhoinsí seachtracha fuinnimh.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair leis an gComhairle chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo comhréitigh, agus é d'aidhm aige ardleibhéal uaillmhéine a chosaint ag an am céanna.  Le glacadh na Treorach athbhreithnithe maidir le Cánachas Fuinnimh, is féidir rannchuidiú leis an sprioc maidir le laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí a bhaint amach faoi 2040.

Maidir le cánachas sna hearnálacha eitlíochta agus muirí, ní chuirfidh mé i bhfolach an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht sna hearnálacha sin. Chun iomaíochas gheilleagar na hEorpa a chaomhnú ar an iomlán, ní mór do gach earnáil a bheith rannpháirteach i mbaint amach ár spriocanna laghdaithe astaíochtaí domhanda. Seachas sin, beidh an t-ualach ró-ard orthu siúd nach bhfuil díolmhaithe. Leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, féachtar le deireadh a chur leis an díolúine éigeantach is infheidhme maidir le breosla eitlíochta agus muirí. Leis an athrú sin, ba cheart go mbeifí in ann rátaí cánach a dhifreáil in aghaidh an bhreosla de réir a bhfeidhmíochta comhshaoil. Thabharfadh sé buntáiste do bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus do bhreoslaí inbhuanaithe ardfhorbartha do longa thar bhreoslaí iontaise agus chuideodh sé le borradh a chur faoin infheistíocht i dtáirgeadh agus i soláthar breoslaí iompair inbhuanaithe san Eoraip. Is ábhar é sin atá íogair ó thaobh na polaitíochta de le haghaidh roinnt Ballstát. Tá gníomhaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta ríthábhachtach. Maidir le hearnáil na heitlíochta, tacaíonn an Coimisiún go láidir le tionscnaimh amhail Tascfhórsa na dTobhach Dlúthpháirtíochta Domhanda, agus an Scéim Fritháirithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta faoi choimirce na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO). Táimid ag súil go mbeidh córas ag ICAO lena gcumhdófar eitiltí lasmuigh de LEE lena n-áiritheofar laghduithe éifeachtacha ar astaíochtaí. Chuige sin, tá aird ar leith le tabhairt ar Thionól ICAO atá ar na bacáin in 2025. Seachas sin, ba cheart don Choimisiún a mholadh go leathnófaí CTA chuig eitiltí imeachta, mar a luaitear cheana i ndlí an Aontais chun a ráthú go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar leis an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Tacaíonn an Coimisiún freisin le sásra uaillmhianach praghsála gás ceaptha teasa a ghlacadh don earnáil mhuirí faoi choimirce na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO). Ag an am céanna, tá praghas d'astaíochtaí $CO_2$ ón eitlíocht agus ón muiriompar socraithe ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) cheana féin, agus aghaidh á tabhairt freisin ar an riosca imghabhála.

I réimse an iompair paisinéirí, tá rátaí nialasacha CBL á gcur i bhfeidhm go forleathan faoi láthair, go háirithe maidir le haeriompar idirnáisiúnta agus muiriompar idirnáisiúnta, gan beann ar a dtionchar ar an gcomhshaol. Cé go n-aithnítear gur gá réiteach a dhéanamh idir iompar inbhuanaithe agus nascacht agus inacmhainneacht, tá cánachas na hearnála eitlíochta mar chuid de mhachnamh ar bhonn níos leithne a bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún leis maidir le todhchaí CBL. Cuimsítear sa phlé sin freisin scéimeanna speisialta CBL, lena n-áirítear na scéimeanna sin is infheidhme maidir le gníomhairí taistil agus oibreoirí iompair paisinéirí, mar a léiríodh i dtuarascáil Enrico Letta maidir leis an Margadh Aonair.

Chun comhlánú a dhéanamh ar iarrachtaí chun an tionscal a dhícharbónú, tá deis ann freisin uirlisí beartais cánach a ghiaráil ar bhealach níos fearr chun dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta agus le díghrádú an chomhshaoil. Tugann an easpa dul chun cinn coibhneasta maidir le cánachas comhshaoil le tuiscint go gceannaíonn tomhaltóirí an iomarca táirgí truaillitheacha faoi láthair agus nach n-aistríonn siad chuig roghanna malartacha níos glaine, amhail táirgí athchúrsáilte, i gcás ina mbeadh sé éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de agus inmhianaithe go sóisialta. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé nach meallfadh gnólachtaí glana maoiniú, agus baineann gnólachtaí truaillitheacha tairbhe as costais chaipitil atá neamhéifeachtúil de bharr cé chomh híseal is atá siad. Tá ranna an Choimisiúin ag obair chun bearnaí beartais a shainaithint. Dá bhrí sin, tá sé róluath gealltanas a thabhairt i leith ionstraimí beartais sonracha – bídís ina mbearta reachtaíochta boige amhail moltaí nó ina mbearta níos uaillmhianaí, cuir i gcás íosrataí AE a thabhairt isteach le haghaidh cánacha comhshaoil seachas cánacha fuinnimh – ach is féidir liom gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh mé iarracht níos cinntithí maidir le bearta margadhbhunaithe chun dul i ngleic le saincheisteanna comhshaoil ar bhealach níos cuimsithí.

Mar fhocal scoir, beidh ról ríthábhachtach ag cánachas maidir le spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar libhse, le ranna an Choimisiúin agus leis na Ballstáit chun cothromaíocht a bhaint amach a léiríonn ár n-uaillmhianta comhshaoil agus riachtanais eacnamaíocha ár saoránach araon agus iomaíochas ár dtionscal á áirithiú ag an am céanna.

Ceisteanna ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

*6. Mar chuid de thaidhleoireacht an Aontais maidir leis an athrú aeráide, cad a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go ndéanfaidh na páirtithe uile iarrachtaí comhchoiteanna, go háirithe mórgheilleagair agus geilleagair atá ag teacht chun cinn, ar ghníomhaíochtaí a mhéadú i leith sprioc fhadtéarmach Chomhaontú Pháras a ghnóthú? Cad iad na tosaíochtaí atá agat do COP29? Cad iad na bearta nithiúla a mholfaidh tú chun obair leantach a dhéanamh ar an gcomhaontú ag COP28 chun aistriú ó bhreoslaí iontaise san earnáil fuinnimh? De réir do litreach misin, forbróidh tú creat de chuid an Aontais chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat an creat sin a chur i ngníomh chun an ceanglas a leagtar síos san 8ú CGC a chomhlíonadh, agus an tslándáil fuinnimh á háirithiú agus spleáchais á laghdú ag an am céanna?*

Is é príomhchuspóir **thaidhleoireacht aeráide an Aontais** uaillmhian agus infheistíocht a spreagadh. Is mian linn ár dtíortha comhpháirtíochta a spreagadh chun spriocanna uaillmhianacha aeráide atá ailínithe le spriocanna Chomhaontú Pháras a shainiú agus a bhaint amach. A bhuí le hiarrachtaí rathúla an Aontais maidir le hastaíochtaí a laghdú, nílim freagrach ach as 6 % d’astaíochtaí domhanda sa lá atá inniu ann. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an 94 % eile chun ár n-aeráid agus ár bpláinéad a chosaint. An nuashonrú atá ar na bacáin ar Rannchuidithe tíortha arna gCinneadh go Náisiúnta, beidh sé ríthábhachtach chun Comhdhearcadh COP28 Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus an tAthbhreithniú Domhanda a comhaontaíodh in Dubai a chur i gcrích. Le haghaidh COP30 sa Bhrasaíl agus níos faide i gcéin, le cabhair ó Chomhaltaí eile an Choláiste, rannchuideoidh mé lenár bhfís dhomhanda aeráide agus fuinnimh a leagan amach.

Go nithiúil, cuirfidh mé praghsáil carbóin chun cinn mar ghné fhíor-riachtanach de mheascán beartais níos leithne chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Feadfaidh sí dálaí margaidh a chruthú lena bhfeabhsaítear an cás gnó maidir leis an dícharbónú agus lena gcuirtear dlús leis an aistriú agus ioncam á ghiniúint ag an am céanna ar féidir é a athinfheistiú sa dícharbónú agus san aistriú. Cuideoidh an phraghsáil dhomhanda carbóin freisin le cothrom iomaíochta a chruthú do ghnólachtaí. Is samhail é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais do go leor córas praghsála carbóin atá ag teacht chun cinn. Ó seoladh é in 2005, rannchuidigh sé le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú níos mó ná 47 % sna hearnálacha a chumhdaítear. Ba mhaith linn ár dtaithí agus ár n-eolas a roinnt chun níos mó tíortha a spreagadh chun beartais éifeachtacha praghsála carbóin a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba mhaith liom feabhas a chur ar ár rannpháirtíocht chun tacú le comhpháirtithe praghsáil láidir carbóin agus margaí láidre carbóin a bhunú mar chuid de mheascán beartais aeráide agus fuinnimh níos leithne, agus an comhar atá ann cheana a fhorbairt. **An Tascfhórsa a bunaíodh le déanaí maidir le praghsáil idirnáisiúnta carbóin agus taidhleoireacht na margaí carbóin** ar chuir mé tús leis, d’fhéadfadh tionchar mór a bheith aige ar an 94 % d’astaíochtaí a luadh roimhe seo. Dála an Aontais, d’fhéadfadh sé gurb é praghsáil carbóin an beart is mó tionchair is féidir a dhéanamh. Tá spéis inti, ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar líon na dtíortha, lena n-áirítear formhór thíortha G20, atá ag cur beartais praghsála carbóin chun feidhme nó ag féachaint orthu freisin mar fhreagairt ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha. Go dtí seo, tá 75 ionstraim praghsála carbóin i bhfeidhm cheana féin lena gcumhdaítear 24 % d’astaíochtaí domhanda. Mar sin féin, is minic a aistrítear na beartais sin ina n-uaillmhian íseal, ina bpraghsanna ísle agus ina gcumhdach teoranta agus tá roinnt astaírí móra fós ag titim ar gcúl.

Is é an réamhchoinníoll d’aon chomhrá fiúntach le hastaírí móra eile agus le hastaírí atá ag teacht chun cinn sampla agus rath ghníomhú an Aontais féin ar son na haeráide. Tá **creidiúnacht idirnáisiúnta an Aontais ag brath ar ár ngníomhaíocht intíre**, lena n-áirítear na bearta ‘Oiriúnach do 55’, chomh maith leis an bhfís a chuireamar ar fáil trí mholadh 2040 a chur ar aghaidh. Trí léiriú go n-oibríonn na bearta sin, éascaítear comhdhearcadh polaitiúil intíre i dtíortha eile. Is féidir le mórgheilleagair agus geilleagair atá ag teacht chun cinn timpeallacht rialála chumasúcháin agus dreasachtaí a chur ar fáil freisin chun go mbeidh tionscail agus saoránaigh rannpháirteach i ndlús a chur leis an aistriú glas agus chun go spreagfar cinntí infheistíochta inbhuanaithe. Agus cuirimid gníomhaíochtaí den sórt sin chun cinn ar gach leibhéal polaitiúil le go leor tíortha trí G7 agus G20, chomh maith le Comhghuaillíochtaí Glasa déthaobhacha, Comhpháirtíochtaí Glasa, Idirphlé Ardleibhéil, Comhpháirtíochtaí um Aistriú Fuinnimh Cóir, agus Comhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan a bheidh ann amach anseo. Bainimid úsáid freisin as próisis ilpháirtithe amhail Clár Oibre G7 maidir leis an Dícharbónú, an Club Aeráide, agus an Chomhdháil Aireachta um Fhuinneamh Glan. Leanfaimid de chúnamh a thabhairt do chomhpháirtithe, lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de, chun féachaint ar a indéanta atá na réitigh nithiúla, agus iad curtha in oiriúint dá ndálaí sonracha. Ar deireadh, tá ár mbeartas comharsanachta, ár mbeartas trádála agus ár gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta á ngiaráil go gníomhach againn ar bhealach a thacaíonn leis an aistriú glas. Ag an am céanna, ní mór dúinn leanúint de thacaíocht a thabhairt do thíortha agus do phobail atá an-leochaileach i leith an athraithe aeráide agus nach bhfuil ag cur mórán le hastaíochtaí domhanda sa lá atá inniu ann. Tá sé chun ár leasa féin freisin: i ndomhan atá an-idirnasctha, trí athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a oiriúnú agus a fhorbairt, is féidir cuidiú le bainistiú a dhéanamh ar an riosca go gcuirfí isteach ar bhealaí trádála agus ar shlabhraí soláthair domhanda (lena n-áirítear an bia), agus rannchuidiú le slándáil, athléimneacht agus cobhsaíocht an Aontais.

Is iad seo a leanas na **tosaíochtaí atá agam do COP29** mar a comhaontaíodh leis na Ballstáit iad trí Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 8 Deireadh Fómhair agus trí na Conclúidí ón gComhairle Comhshaoil an 14 Deireadh Fómhair maidir le COP29: (i) toradh uaillmhianach agus indéanta a bhaint amach i ndáil leis an Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide; (ii) an chaibidlíocht a thabhairt chun críche maidir le treoir chun Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras maidir le margaí idirnáisiúnta carbóin a oibríochtú; (iii) an gealltanas domhanda a athdhearbhú maidir le comhdhearcadh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a chur chun feidhme agus an bealach a réiteach don chéad bhabhta eile de na Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta; (iv) dlús a chur le gníomhaíocht oiriúnaithe d'éifeachtaí an athraithe aeráide; agus (v) iarraidh ar na Páirtithe uile na chéad Tuarascálacha Trédhearcachta Débhliantúla a chur isteach faoi dheireadh na bliana seo.

Maidir leis an **obair leantach ar COP28**, molfaidh mé dár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, na mór-astaírí go háirithe, Rannchuidithe uaillmhianacha arna gCinneadh go Náisiúnta a chur chun cinn in 2025 lena gcuirfear le torthaí an athbhreithnithe dhomhanda maidir leis an aistriú fuinnimh. Cuirfidh mé ár dtacaíocht pholaitiúil, theicniúil agus airgeadais in oiriúint chun spreagadh a thabhairt do na tíortha i mbéal forbartha aistriú chuig fuinneamh glan agus dícharbónú tionsclaíoch uaillmhianach a bhaint amach.

Maidir le **fóirdheontais breoslaí iontaise**, príomhbheart a d'fhéadfadh iad sin a laghdú ar bhealach comhleanúnach is ea teacht ar chomhaontú maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Dá bhrí sin, leanfaidh mé de bheith ag obair leis na Ballstáit chun bonn coiteann go aimsiú go pras agus teacht ar chomhaontú. Oibreoidh mé go dícheallach leis na Ballstáit freisin, ós rud é gur faoi na rialtais náisiúnta atá sé deireadh a chur de réir a chéile leis na fóirdheontais sin. Ina theannta sin, oibreoidh mé chun dea-chleachtais a roinnt mar aon leis an oiread trédhearcachta agus is féidir maidir leis na fóirdheontais sin chun an brú a mhéadú, bíodh sé trí Phleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na mBallstát a chur chun feidhme nó tríd an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Rialachas. É sin ráite, chomhlíon mé an gealltanas a rinne mé ag an gcéad éisteacht sa Pharlaimint ar ar fhreastail mé bliain ó shin, gealltanas chun fardal a chruthú ar leibhéal an Aontais, agus leanfaidh mé de bheith ag obair air seo i gcomhar leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht. Ag an am céanna, leis an Seimeastar Eorpach agus, b'fhéidir, leis an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais a bheidh ann amach anseo, cuirfear deiseanna ar fáil chun tuilleadh treorach a thabhairt do na Ballstáit maidir le dul i ngleic leis sin ar bhonn tosaíochta. Ar deireadh, tá beartais eile á dtabhairt isteach againn lena gcuirfear praghas ar éifeachtaí diúltacha breoslaí iontaise, go háirithe CTA AE nua d'earnáil na bhfoirgneamh, d'earnáil an iompair de bhóthar agus d'earnálacha breise (CTA2), in éineacht leis an gCiste Aeráide Sóisialta nua chun tacú leo siúd atá leochaileach i leith na bochtaineachta fuinnimh agus iompair.

Maidir le deireadh a chur le fóirdheontais breoslaí iontaise, is é is aidhm dó an t-aistriú a dhéanamh níos costéifeachtúla agus níos éasca le baint amach. Áiritheoidh sé an tslándáil fuinnimh agus laghdóidh sé spleáchais, rud a shaorfaidh na hacmhainní is gá le haghaidh infheistíocht i gcumais ísealcharbóin. Maidir le deireadh a chur le fóirdheontais breoslaí iontaise, más é an t-ábhar imní atá ann go bhféadfadh tionchar míchuí a bheith ar theaghlaigh íseal-ioncaim dá bharr, aontaím gur gá aghaidh a thabhairt air sin, cuir i gcás trí bheartais shóisialta na mBallstát. Is minic gurb é an uirlis is éifeachtúla ná cúiteamh a thabhairt do theaghlaigh nó cuidiú leo an t-aistriú a dhéanamh, agus gan fóirdheontais breoslaí iontaise a choinneáil i bhfeidhm.

*7. Cad iad na bearta nithiúla a bheidh á ndéanamh agat chun a áirithiú go gcuirfear creat reachtach aeráide an Aontais do 2030 chun feidhme go héifeachtúil agus go tráthúil agus go mbainfear amach na spriocanna a leagtar amach ann? Cén ról, dar leat, atá ag an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan sa chomhthéacs sin? Cén seasamh atá agat ar an leasú spriocdhírithe ar an Rialachán lena leagtar síos caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus veaineanna agus a luaitear i do litir mhisin? Conas a áiritheoidh tú go dtacóidh ionstraimí rialála agus airgeadais an Aontais, lena n-áirítear an Ciste Aeráide Sóisialta agus an Ciste um Aistriú Cóir, le haistriú cothrom i dtreo geilleagar aeráidneodrach? Go háirithe maidir le CTA AE 2, cad iad na bearta sonracha a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go gcosnófar grúpaí leochaileacha ar mhéaduithe ar phraghsanna fuinnimh, lena n-áirítear trí fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cuí na bPleananna Aeráide Sóisialta náisiúnta agus ioncam náisiúnta CTA2?*

Is príomhphróiseas é na **Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide** (PNFAnna) a thabhairt cothrom le dáta ina bhfuil na Ballstáit ag leagan amach conas a chumasóidh siad cur chun feidhme tráthúil an phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus conas a chuideoidh siad leis na hinfheistíochtaí is gá a shlógadh. Cuirfidh mé dlús leis an teagmháil leis na Ballstáit chun a áirithiú go gcuirfidh siad bailchríoch ar a PNFAnna a luaithe is féidir. Tá sé i gceist agam oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun a PNFAnna a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí dhul i dteagmháil leis an tionscal agus le comhpháirtithe sóisialta agus trí phlé a eagrú maidir le conas deireadh a chur le bacainní

tábhachtacha ar an aistriú. Is é an sprioc a bheidh agam comhar agus malartú dea-chleachtas a éascú maidir le réitigh phraiticiúla chun dlús a chur leis an aistriú agus, ag an am céanna, iomaíochas a chothú agus tacú leis na daoine is leochailí. Coinneoidh mé Parlaimint na hEorpa ar an eolas trí mhalartuithe rialta.

Le sprioc aeráide 2040, a ndéanfaidh an Coimisiún togra reachtach ina leith go luath chun an Dlí Aeráide Eorpach a leasú ar bhealach spriocdhírithe, soláthrófar cinnteacht níos fearr agus níos fadtéarmaí d'infheisteoirí, chun tacú leis na cinntí atá á ndéanamh anois maidir le saoráidí monaraíochta, bonneagar nó scileanna, rud a chuirfidh freisin le dlús a chur le gníomhaíocht agus le spriocanna 2030 a bhaint amach.

Díreoidh **an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan** ar iomaíochas thionscal an Aontais a neartú agus dlús á chur le dícharbónú na hEorpa ag an am chéanna. Oibreoimid ar shraith tionscnamh chun próisis riaracháin a shimpliú ar mhaithe leis an tionscal a dhícharbónú, creat a chur i bhfeidhm chun príomh-mhargaí a fhorbairt, agus cistiú príobháideach a shlógadh don aistriú. Forbróimid gníomhaíochtaí, go háirithe maidir le praghsanna inacmhainne fuinnimh, chun aghaidh a thabhairt ar cheann de phríomh-mhíbhuntáistí iomaíocha an Aontais, chomh maith le gníomh um dhlús a chur leis an dícharbónú tionsclaíoch lena ndíreofar go príomha ar thionscail dianfhuinnimh, agus ar Chomhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan lena ndíreofar ar ár gcaidreamh le tíortha comhpháirtíochta.

Chun sprioc an Aontais maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990 agus an cuspóir aeráidneodrachta faoi 2050 a bhaint amach, sprioc a chumhdaítear sa Dlí Aeráide Eorpach, tá gá le beartais uaillmhianacha agus gníomhaíocht uaillmhianach chun laghdú tapa leordhóthanach ar astaíochtaí ó gach earnáil a áirithiú, lena n-áirítear sciar suntasach ó fhoirgnimh agus ón iompar. Sa chomhthéacs sin, leagtar síos sna **caighdeáin astaíochta $CO_2$ do ghluaisteáin agus veaineanna nua** spriocanna astaíochtaí $CO_2$ a éiríonn níos doichte de réir a chéile agus beidh sprioc laghdaithe 100 % ann ó 2035 ar aghaidh. Luaitear an méid seo a leanas sna Treoirlínte Polaitiúla: *'chun an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, beidh gá le raon leathan teicneolaíochtaí nuálacha, i réimsí ó shoghluaisteacht go fuinneamh. Mar shampla, tugann sprioc 2035 maidir le haeráidneodracht le haghaidh carranna intuarthacht d'infheisteoirí agus do mhonaróirí. Chun sin a bhaint amach, beidh gá le cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, ina mbeidh ról ag breoslaí sintéiseacha trí leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar an rialachán mar chuid den athbhreithniú atá beartaithe'*. Deimhnítear é sin a thuilleadh freisin sa litir mhisin a cuireadh chugam. Dá bhrí sin, oibreoidh an Coimisiún ar an leasú spriocdhírithe sin mar chuid den athbhreithniú atá beartaithe in 2026. Leis an obair sin, breithneofar freisin an gá atá le breoslaí sintéiseacha in earnálacha eile, i gcás nach bhfuil aon rogha teicneolaíochta eile ann, amhail eitlíocht agus iompar muirí, agus a nganntanas réamh-mheasta, a bpróiseas táirgthe dianfhuinnimh, agus a gcostais réamh-mheasta á gcur san áireamh.

Ní mór dár g**creat um aistriú cóir** a bheith oiriúnach do na chéad chéimeanna eile den aistriú aeráide as seo go 2030 agus ansin 2040 agus ina dhiaidh sin. Is é an chéad tosaíocht a bheidh ann úsáid na n-acmhainní ó NextGenerationEU agus ón mbuiséad reatha a áirithiú. Tá creat maoiniúcháin cuimsitheach ag an Aontas, lena n-áirítear le cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, go háirithe an Ciste um Aistriú Cóir, agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Cuirfear borradh breise faoi sin nuair a chuirfear an Ciste Aeráide Sóisialta i bhfeidhm. Oibreoimid le chéile ar mhaithe le buiséad fadtéarmach níos simplí, níos dírithe agus níos freagrúla lena léireofar tosaíochtaí straitéiseacha Eorpacha agus an uaillmhian atá againn Coimisiún Infheistíochta a dhéanamh den Choimisiún seo. Cé nach féidir liom réamhbhreith a dhéanamh ar an gcéad CAI eile, is díol sásaimh dom tiomantas an Uachtaráin i leith méadú suntasach ar an gcistiú don aistriú cóir. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cinnteoidh mé go ndíreofar méadú den sórt sin ar oibrithe, ar chuideachtaí agus ar shaoránaigh leochaileacha agus ar na críocha a bhfuil na dúshláin is déine rompu maidir leis an aistriú. Ba cheart go mbainfeadh gach duine tairbhe as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an aistriú agus níor cheart aon duine a fhágáil ar lár. Ag obair i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht. Cinnteoimid go gcuirfidh an Ciste Aeráide Sóisialta maoiniú méadaithe ar fáil sula seolfar an córas nua trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise (CTA2). Oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit ar na Pleananna Náisiúnta Aeráide Sóisialta chun a áirithiú go gcaithfear acmhainní chun tacú le teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair leochaileacha.

A mhéid a bhaineann leis na hullmhúcháin don Chiste Aeráide Sóisialta, táimid ag obair chun é a chur i bhfeidhm go tapa agus go héifeachtach in éineacht le sainghrúpa tiomnaithe de chuid na mBallstát ó bhí 2023 ann. Tá 10 mBallstát ag baint tairbhe faoi láthair as Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil an Choimisiúin chun tacú leo tionchair CTA2 a mheas, grúpaí leochaileacha a shainiú agus bearta agus infheistíochtaí saincheaptha a shainaithint dá bpleananna amach anseo. Tacóidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht, maidir le Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi chur chun feidhme an Chiste Aeráide Shóisialta. Faoin 'Idirphlé Aeráide Sóisialta', féadfaidh coistí inniúla Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar an

gCoimisiún dhá uair sa bhliain plé a dhéanamh ar na Pleananna Aeráide Sóisialta arna dtíolacadh, ar mheasúnú an Choimisiúin, ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna agus ar íocaíochtaí.

A mhéid a bhaineann le húsáid ioncam CTA2 na mBallstát, déanfaimid faireachán go mbainfear úsáid iomlán astu ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar bhearta sóisialta mar a shainordaítear sa Treoir athbhreithnithe maidir le Córas Trádála Astaíochtaí.

Cuirfidh mé dlús leis an bhfor-rochtain leis na Ballstáit chun a shainaithint conas baic a shárú agus deiseanna a chur ar fáil chun aistriú cothrom cóir a áirithiú. Neartóidh mé an bealach a ndéileáiltear le saincheisteanna maidir leis an aistriú cóir agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Rialachán maidir le Rialachas. Oibreoidh mé chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú cóir fite fuaite inár mbeartais tacaíochta don dícharbónú agus oibreoidh mé i gcomhar le mo chomh-Choimisinéirí chun a áirithiú go gcothóidh an t-aistriú cóir poist ar ardchaighdeán agus go mbeidh na hearraí agus na seirbhísí a theastaíonn ónár FBManna agus ónár dteaghlaigh le haghaidh an aistrithe inrochtana agus inacmhainne.

*8. Cad iad na gníomhaíochtaí sonracha nua atá beartaithe agat a mholadh mar chreat cumasúcháin chun tacú le sprioc nua 2040 a ghnóthú agus conas a dhéanfaidh tú ollstruchtúr aeráide an Aontais tar éis 2030 a cheapadh ar bhealach simplí, cothrom agus costéifeachtach ag a mbeidh na hacmhainní airgeadais leordhóthanacha? Conas a áiritheoidh tú go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar ar bhealach cothrom agus eolaíochtbhunaithe? Cén seasamh atá agat ar an bhforbairt a dhéanfar ar CTA AE sa todhchaí? Cad iad na pleananna nithiúla a bheadh agat chun aistrithe carbóin a chur chun cinn, idir bhuan agus talamhbhunaithe, chomh maith le laghduithe doimhne marthanacha ar astaíochtaí? Cén seasamh atá agat ar spriocanna an Aontais i dtaobh aistrithe carbóin a leagan síos, lena n-áirítear sprioc ar leithligh i gcás aistrithe carbóin buana mar chuid de sprioc 2040? Cad iad na bearta nithiúla, idir bhearta reachtacha agus/nó eile, agus cad iad na hacmhainní nua de chuid an Aontais, mar chuid den Phlean nua Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide, ar mhaith leat a mholadh chun athléimneacht shochaí an Aontais a mhéadú, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha, éiceachórais agus an geilleagar agus oiriúnú níos fearr do rioscaí aeráide? Conas a áiritheoidh tú go ndéanfar oiriúnú a chur i gcuntas go córasach i ngach beartas earnálach de chuid an Aontais?*

Déanfaidh an Coimisiún togra reachtach go luath chun sprioc aeráide 2040 a chumhdach sa Dlí Aeráide Eorpach. Beidh gá le sprioc uaillmhianach 2040 a bheith fite fuaite le coinníollacha cumasúcháin, amhail aistriú cóir cothrom do dhaoine, praghsanna fuinnimh níos ísle, feabhas a chur ar an eangach leictreachais etc. Is é an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan an chéad deis a bheidh ann chun aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha cumasúcháin, rud a áiritheoidh gur féidir an uaillmhian aeráide agus an t-iomaíochas tionsclaíoch a bheith fite fuaite ina chéile.

A luaithe a chomhaontófar an sprioc, beidh an Coimisiún in ann tograí a thabhairt chun cinn don **chreat beartais aeráide tar éis 2030**. Áiritheoidh mé go leanfaidh an tAontas dá chuid oibre, go gcuirfidh sé leis an gcreat cuimsitheach beartais atá i bhfeidhm againn, go bhfoghlaimeoidh sé na ceachtanna ón am a chuaigh thart, agus go n-áiritheoidh sé go bhfuil sé oiriúnach do 2040. De réir mar a théimid níos gaire don aeráidneodracht, tá a fhios againn gur gá do gach earnáil rannchuidiú leis an sprioc sin agus go bhfuil gá le go leor teicneolaíochtaí chun í a bhaint amach. Tá an tsoiléireacht a chuirtear ar fáil le sprioc 2040 de dhíth orainn chun beartais a shainiú agus chun cinnteacht fhadtéarmach a thabhairt do chinntí infheistíochta, rud a rannchuideoidh freisin lenár spriocanna 2030 a bhaint amach. Oibreoidh mé le mo chomhghleacaithe chun gur féidir sprioc 2040 a bhaint amach le Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, agus chun a áirithiú gur féidir infheistíocht phríobháideach i dtreo ár gcomhspriocanna maidir le geilleagar iomaíoch dícharbónaithe an Aontais a ghiaráil agus a dhí-rioscú go leordhóthanach trí ghníomhaíocht Eorpach. Ní mór dúinn infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, i scileanna agus san aistriú cóir agus an beartas aeráide a úsáid chun folláine daoine a mhéadú. Tá praghsáil carbóin, trí CTA ar leibhéal an Aontais, fíor-riachtanach le haghaidh gníomhaíocht mhaolúcháin chostéifeachtach agus mar uirlis mhaoiniúcháin lena ngintear ioncam le haghaidh nuálaíochta, agus chun tacú le bearta a théann chun tairbhe na ngrúpaí is leochailí. I mbeagán focal, tugann praghsáil carbóin dea-dheartha aghaidh ar chuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta araon. Beidh gá le bearta earnála, mar shampla in earnálacha an fhuinnimh, an iompair nó na talún, agus le creat beartais cumasúcháin níos leithne, lena gcuirfear riachtanais earnála an aistrithe i gcroílár an mhéid sin.

Bunaíonn an Coimisiún a thograí beartais aeráide agus a mholtaí ar mheasúnuithe tionchair críochnúla i gcomhréir iomlán lena cheanglais maidir le Rialáil Níos Fearr. Tugtar aird chuí freisin ar chomhairle an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch maidir leis an Athrú Aeráide. Ba mhaith liom a chur i dtábhacht go mbaineann na hanailísí sin úsáid as na huirlisí anailíse eacnamaíche is forbartha, uirlisí a úsáidtear go forleathan sa litríocht eolaíoch freisin agus lenar féidir geilleagar an Aontais agus a earnálacha éagsúla a chumhdach go hiomlán, mar a léiríodh le déanaí sa

Mheasúnú Tionchair ar Sprioc Aeráide 2040 a d'fhoilsigh an Coimisiún i mí Feabhra. Áirithítear leis sin go mbeidh cinntí beartais an Choimisiúin maidir le ról na n-earnálacha éagsúla bunaithe ar mhionanailís atá bunaithe ar chur chuige eolaíoch, agus go leanfaidh siad de bheith bunaithe orthu, rud a fhágann gur féidir pacáistí beartais a dhearadh lenar féidir ár gcuspóirí a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach, cothrom agus éifeachtach. Agus an méid sin á dhéanamh agam, beidh mé oscailte i gcónaí d'idirphlé macánta trédhearcach leis na hearnálacha uile chun ár gcuspóirí aeráide a bhaint amach ar bhealach cothrom costéifeachtach.

A mhéid a bhaineann le **CTA AE** go sonrach, tá an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus ar an gCinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh le déanamh in 2026. Go háirithe, breithneoidh sé ar cheart bainistiú dramhaíola a áireamh in CTA AE ó 2028 ar aghaidh, agus cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar aistrithe carbóin a chomhtháthú agus úsáid carbóin ghafa i dtáirgí, amhail breoslaí in-athnuaite, a dhreasú, conas a dhéanfar sin agus cathain a dhéanfar sin.

Cinnfear le hathbhreithniú 2026 cumhdach CTA d'eitiltí idirnáisiúnta ó mhí Eanáir 2027 ar aghaidh, agus a indéanta atá sé an cumhdach a leathnú sa mhuiriompar. Beidh meastóireacht (i.e. measúnú fianaise-bhunaithe siarbhreathnaitheach) ar an Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus ar an gCinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh ag gabháil leis an athbhreithniú. Scrúdóimid freisin an bhfuil gá le coigeartuithe ar CTA AE i dtreo sprioc 2040. Is léir go bhfuil an treo taistil le CTA AE ina bhunchloch de bheartas aeráide an Aontais.

Ní féidir liom a chur i dtábhacht go leordhóthanach nach mór dúinn leanúint de thús áite a thabhairt d'astaíochtaí a laghdú ar bhealach domhain marthanach. Ag an am céanna, tá tairbhí ag baint le níos mó cinnteachta a thabhairt do thionscail maidir leis an **ról atá ag aistrithe buana carbóin** maidir le sprioc aeráide 2040 an Aontais a bhaint amach. Déanfaimid measúnú ar an tsraith beartas is fearr chun dreasachtaí a chur ar fáil do laghduithe astaíochtaí agus d'aistrithe carbóin araon i gcreat beartais 2040. Beidh gá le beartas éifeachtúil aistrithe carbóin chun laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2040 agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, mar a léirítear go soiléir sa Teachtaireacht agus sa mheasúnú tionchair a ghabhann léi. Cinnteoidh mé go mbeidh an beartas sin i bhfeidhm ag deireadh mo shainordaithe, agus ag an am céanna tacóidh mé, i gcomhar le comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha, le forbairt luathchéime an mhargaidh Eorpaigh aonair aistrithe carbóin ba cheart a bheith ann le himeacht ama. Ba cheart tionscail, feirmeoirí nó foraoiseoirí a sholáthraíonn seirbhís aistrithe carbóin a chúiteamh agus níor cheart bac a chur ar iarrachtaí chun astaíochtaí a laghdú.

Maidir le h**oiriúnú don athrú aeráide**, tá na guaiseacha aeráide atá ag dul i méid ar chuid de na rioscaí is mó dár slándáil agus dár rathúnas, agus ní mór dúinn athléimneacht agus ullmhacht an Aontais i leith na haeráide a neartú agus neamhchosaint ár ngeilleagair agus ár sochaí a laghdú. Chuige sin, tá gá le hiarrachtaí comhbheartaithe agus méadaithe ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon. Níl na beartais agus na gníomhaíochtaí atá ann faoi láthair ag coinneáil suas leis na tionchair aeráide. Teastaíonn athléimneacht agus bainistíocht riosca uainn trí dhearadh. Tá Plean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide beartaithe agam a thacóidh leis na Ballstáit agus a áiritheoidh go mbeidh rioscaí aeráide leabaithe go hiomlán i mbeartais uile an Aontais: ón talmhaíocht agus bonneagar criticiúil go dtí an geilleagar, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí leochaileacha. Déanfar raon feidhme beacht an Phlean a fhorbairt i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara. Bunaithe ar an Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide agus ar an Teachtaireacht maidir le Rioscaí Aeráide a Bhainistiú, feictear dom go bhfuil gá soiléir le hailíniú níos láidre ar chuir chuige idir an tAontas agus na Ballstáit. D'áireofaí leis sin bonnlínte comhaontaithe chun guaiseacha aeráide a mheasúnú agus chun leibhéal an riosca inghlactha i gcinntí beartais agus infheistíochta a chinneadh. I gcás aon togra, coinneoidh mé i gcuimhne na himpleachtaí don ualach riaracháin. I gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, déanfaidh mé measúnú ar an ngá atá le reachtaíocht amach anseo maidir le hathléimneacht agus ullmhacht i leith an athraithe aeráide, mar a d'iarr an Pharlaimint freisin i gcomhthéacs na díospóireachta iomlánaí agus an rúin iomlánaigh maidir le tuilte le déanaí. Go sonrach, déanfaidh mé machnamh cúramach ar conas is féidir a áirithiú go mbeidh reachtaíocht i réimsí beartais a bhfuil fíorbheagán cosanta acu ar rioscaí aeráide oiriúnach don fheidhm. Is mian liom, ar a laghad, go ndearfaí na sócmhainní uile atá maoinithe ag an Aontas don todhchaí trí chuir chuige maidir le díonadh ar an athrú aeráide agus tríd an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', i measc nithe eile.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh</u>

*9. Cén fhís atá agat do do shainchúraimí de bhreis ar do litir mhisin agus cén oidhreacht ar mhaith leat a bheith agat? Cad iad na tograí reachtacha agus na tionscnaimh eile a mholfaidh tú do Choláiste na gCoimisinéirí lena nglacadh sna 5 bliana amach romhainn agus go háirithe le linn an chéad 100 lá? Conas a áiritheoidh tú go neartófaí iomaíochas na hEorpa leis na tograí sin, chomh maith le cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann cheana? An bhfuil sé i gceist agat na tograí reachtacha sin a bhunú ar mheasúnuithe tionchair tiomnaithe? Cad*

*iad na pleananna ar leith atá agat don Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan? Conas a dhéanann tú 'fás glan' a shainiú? Cén ról a bheidh ag an ngeilleagar ciorclach i do chuid oibre? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat formhaoirseacht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an chreata dhlíthiúil atá ann cheana chun spriocanna 2030 a ghnóthú agus cad iad na pleananna agus na bearta atá beartaithe agat a dhéanamh chun sprioc fógartha 2040 maidir le laghdú astaíochtaí a ghnóthú? Conas a áiritheoidh tú go n-oibreoidh na bearta sin i gcomhar le beartas tionsclaíoch an Aontais?*

Tá an eolaíocht soiléir: níl aon rogha mhalartach againn ar ghníomhú uaillmhianach ar son na haeráide más mian linn a áirithiú go mbeidh rath ar an nglúin atá ann faoi láthair agus ar na glúnta atá le teacht. Tá éifeachtaí an athraithe aeráide le brath ag gach duine ar domhan, amhail ardú ar leibhéil na farraige, méadú ar thuilte, bagairt ar an soláthar bia, ar shláinte an duine agus ar an mbonneagar. Más mian linn ár bpláinéad a chosaint agus ár rathúnas a chosaint freisin, ciallaíonn sé sin nach mór an gníomhú ar son na haeráide a bheith fite fuaite le geilleagar rathúil iomaíoch a áirithiú, agus nach mór tacú le haistriú cóir cothrom do na daoine, na réigiúin agus na hearnálacha is leochailí. Creidim go láidir go n-éilíonn sé sin gníomhaíocht chinntitheach ar bhonn intíre agus idirnáisiúnta, go háirithe sna blianta suaite achrannacha ar dócha go mbeidh siad romhainn sna blianta atá le teacht. Ciallaíonn sé sin níos mó ceannaireachta, níos mó teanntáis, agus níos mó comhair, agus creidim gur féidir linn é sin a bhaint amach. Ag deireadh mo shainordaithe, ba mhaith liom a bheith in ann a rá gur éirigh linn an chonair i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach trí na paraiméadair a leagan síos do cheannaireacht eacnamaíoch na hEorpa agus trí shamhail a dhéanamh dár gclár oibre beartais maidir leis an bhfás glan a ndéanfaidh daoine eile ar fud an domhain a ndícheall í a chóipeáil.

Maidir le **tionscnaimh reachtacha agus tionscnaimh eile sna 5 bliana amach romhainn agus go háirithe sna chéad 100 lá**, i gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla, forbróidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch agus oibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan Cóir Iomaíoch i ndáil le **Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan** lena neartófar iomaíochas thionscal an Aontais agus lena gcuirfear dlús le dícharbónú na hEorpa, rud a ndéantar cur síos níos leithne air i mo fhreagra ar cheist 7. Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan ní mór aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin trí shraith chomhleanúnach tionscnamh beartais. Léirítear roinnt acu sna litreacha misin, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inacmhainne, Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch, Ciste Eorpach um Iomaíochas, an Pacáiste maidir le Tionscal na gCeimiceán, nó an Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch don earnáil mótarfheithiclí atá ar na bacáin.

Táimid ag tabhairt aghaidh ar thráth cinniúnach do thionscal agus taighde na hEorpa. Tá ár gceannaireacht theicneolaíoch, ár gcumas freagairt do dhúshláin thionsclaíocha, agus deiseanna nua a thapú go gníomhach i mbaol.

Leanfaidh an phraghsáil carbóin trí CTA AE de ról lárnach a bheith aici maidir le cinntí eacnamaíocha a threorú i dtreo na ngníomhaíochtaí dícharbónaithe is costéifeachtaí. Ag an am céanna, leanfaidh CTA AE d'ioncam a ghiniúint ar cheart é a úsáid, go háirithe tríd an gCiste don Nuálaíocht, chun dlús a chur le léiriú agus uas-scálú réiteach nuálach aeráidneodrach i raon leathan earnálacha (dícharbónú tionsclaíoch, monaraíocht na teicneolaíochta glaine).

Baineann na hábhair sin go léir le **fás glan** lena n-áirithítear rathúnas eacnamaíoch agus folláine ár sochaithe laistigh de theorainneacha pláinéadacha trí cheannaireacht a ghiaráil sna teicneolaíochtaí glana atá ag fás go tapa. Tugann sé le tuiscint go leanann sochaithe daonna de bheith rathúil gan folláine na nglúnta atá le teacht a chur i mbaol ná cineálacha eile beatha agus éiceachóras a chur i mbaol. Ní féidir fás den sórt sin a bhunú ar spleáchais ar bhreoslaí iontaise. Leis an bhfás glan, laghdaítear an spleáchas ar allmhairí agus méadaítear an tslándáil agus an athléimneacht. Ó thaobh na hoibríochta de, is féidir a mheas go bhfuil an fás glan má chuidíonn sé leis an aeráid a chobhsú, má choinníonn sé éiceachórais agus gnáthóga sláintiúil agus má chaomhnaíonn sé an bhithéagsúlacht agus aer agus uisce glan.

Cuid dhílis den fhás glan is ea an **chiorclaíocht**. Cuirfidh geilleagar ciorclach dea-dheartha deiseanna móra iomaíochais ar fáil, idir athchúrsáil amhábhar agus éicidhearthóireacht, rud a bhainfidh leis an slabhra soláthair ina iomláine lena n-áirítear bearta atá dírithe ar an éileamh ar tháirgí glana. Trí phraghas a shocrú ar charbón, dreasaímid go leor earnálacha le bheith níos ciorclaí, agus is gnách nach mbíonn táirgeadh tánaisteach earraí atá dian ar charbón chomh dian céanna ar fhuinneamh ná mar a bhíonn siad ar tháirgeadh príomhúil. Déanfaimid measúnú mar chuid den athbhreithniú CTA AE atá beartaithe ar conas úsáid agus athúsáid carbóin níos ciorclaí agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn inár dtionscail. Áiritheoimid go ndéanfar beartais a mbíonn tionchar acu ar dhramhaíl agus ar dheireadh ré a fhoirmliú go comhleanúnach le beartais aeráide. Áirítear leis sin an measúnú ar cé acu a ionchorprófar nó nach n-ionchorprófar loisceoirí dramhaíola in CTA AE, ar cuid eile fós é den

athbhreithniú 2026 atá beartaithe.

Go luath sa sainordú, a bhfuil cur síos níos mionsonraithe air sa fhreagra ar cheist 7, molfaimid **an Dlí Aeráide Eorpach a leasú chun an sprioc maidir le glanlaghdú 90 % ar astaíochtaí do 2040 a chur san áireamh**. A luaithe a bheidh an sprioc i bhfeidhm, agus i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le rialáil níos fearr, beidh measúnuithe tionchair tiomnaithe ag gabháil le gach togra reachtach aeráide ar dócha go mbeidh tionchar suntasach eacnamaíoch, comhshaoil nó sóisialta aige. Ina theannta sin, dá ndéanfaí athbhreithniú ar an Rialachán Rialachais chun é a shimpliú agus a thabhairt cothrom le dáta, thacófaí leis an uaillmhian aeráide do 2040 a bhaint amach, i dtreo na haeráidneodrachta agus na hathléimneachta.

Mar a luadh thuas, áiritheoidh mé go leanfaidh an tAontas ar aghaidh lenár ngníomhú ar son na haeráide, agus sinn ag cur leis an bpacáiste cuimsitheach beartais atá i bhfeidhm againn, ag foghlaim na gceachtanna ón am a chuaigh thart, agus ag cinntiú go bhfuil sé oiriúnach do 2040. Agus an méid sin á dhéanamh againn, déanfaimid beart chun iomaíochas thionscal an Aontais agus aistriú cóir do chách a áirithiú. Agus an méid sin á dhéanamh agam, beidh mé oscailte i gcónaí d'idirphlé macánta trédhearcach leis na hearnálacha uile chun ár gcuspóirí aeráide a bhaint amach ar bhealach cothrom cost-éifeachtach.

Ábhar tábhachtach eile is ea **sprioc 2035 maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú i gcás gluaisteán**, sprioc a bhfuil cur síos níos leithne uirthi i mo fhreagra ar cheist 7.

Agus mé ag breathnú níos faide chun cinn, i gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, beidh mé i gceannas ar an obair ar an **bPlean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide**, agus tacóidh mé leis na Ballstáit, go háirithe maidir le hullmhacht agus pleanáil agus áiritheoidh mé measúnuithe riosca rialta eolaíochtbhunaithe.

Déanfaidh mé measúnú freisin ar an ngá atá le **reachtaíocht amach anseo maidir le hathléimneacht agus ullmhacht** i leith an athraithe aeráide agus cuirfidh mé roghanna i láthair. Déanfaidh mé é sin ar bhonn an chéad Mheasúnaithe Eorpaigh ar Riosca Aeráide riamh agus tá aird chuí tugtha agam cheana féin ar an bplé sa Pharlaimint, i gcomhthéacs na díospóireachta a rinneadh le déanaí maidir le tuilte. Déanfaidh mé machnamh cúramach ar conas a áirithiú go bhfuil an reachtaíocht atá ábhartha don oiriúnú oiriúnach don fheidhm agus conas an t-ualach riaracháin a laghdú. Chuige sin, ní mór oibriú i ndlúthchomhar le Comhaltaí eile den Choláiste, chun féachaint conas is féidir linn cuíchóiriú a dhéanamh ar fud na mbeartas earnála, e.g. trína shainaithint cá bhfuil na Ballstáit ag tuairisciú faisnéis earnála ábhartha maidir le hoiriúnú cheana féin agus freisin an féidir linn úsáid níos fearr a bhaint as faisnéis shatailítbhunaithe, agus b'fhéidir IS. Leis sin, beifear in ann sineirgí a shainaithint, pleanáil earnála éagsúil agus sruthanna oibre tuairiscithe a thabhairt níos gaire dá chéile, agus iomarcaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint. Ag an am céanna, is dúshlán atá ag dul i méid an t-oiriúnú agus is réimse nua gníomhaíochta é, agus dá bhrí sin is dócha go mbeidh gá le roinnt ceanglais bhreise theoranta nua, chun sinn a dhéanamh níos athléimní i leith na rioscaí aeráide a bhfuil dlús á chur leo go tapa.

*10. Cad iad na bearta nithiúla a mholfaidh tú chun dícharbónú tionsclaíoch a chur chun cinn, go háirithe do thionscail dianfhuinnimh agus d'earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo? Cad iad na hearnálacha agus na réimsí ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh agus cad iad na critéir ar ar a mbonn a dhéanfaí an cinneadh sin? Ina leith sin, cén ról, dar leat, atá ag an gCóras Trádála Astaíochtaí agus ag an gCiste Nuálaíochta? Cad iad na gníomhaíochtaí a mholfaidh tú chun infheistíocht fhadtéarmach i mbonneagar glan-nialasach na hEorpa a áirithiú? Cad iad na bearta nithiúla atá beartaithe agat go háirithe i gcás an Ghnímh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch agus cén gaol, dar leat, atá aige sin leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, leis an nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla agus le STEP? Conas a áiritheoidh tú i gcoitinne go leanfaidh ionstraimí beartais aeráide de dhreasachtaí eacnamaíocha a chur ar fáil d'infheistíochtaí príobháideacha dícharbónúcháin, agus an creat le haghaidh aistriú sóisialta agus cóir á neartú ag an am céanna? Conas a bheartaíonn tú an creat a bheidh ann amach anseo i gcás CO2 a ghabháil, a iompar agus a stóráil agus conas a áiritheoidh tú dreasachtaí leordhóthanacha don tionscal feadh shlabhra luacha GÚSC ina iomláine? Cad iad na pleananna atá agat ó thaobh an mhargaidh aonair de i gcás CO2, go háirithe i gcás CO2 a eascraíonn as earnálacha ar deacair iad a mhaolú, agus iomaíochas an Aontais á chur i gcuntas? Cén seasamh atá agat ar an ról atá ag cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de i ndáil leis an athbhreithniú atá beartaithe a dhéanamh ar an Rialachán lena leagtar síos caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus veaineanna amhail a luaitear i do litir mhisin?*

Is iad an dreasacht phraghsála ó **CTA AE**, agus cosaint éifeachtach ar an riosca sceite carbóin tríd an **Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT)**, na príomhuirlisí atá againn chun **tionscail san Aontas a**

**dhícharbónú**, trí phraghas a chur ar charbón agus trí chothrom na Féinne a bhaint amach laistigh den Aontas. Ach is éard atá i gceist le haeráidneodracht a bhaint amach dul níos faide ná laghduithe beaga ar astaíochtaí. Chuige sin, tá gá le hinfheistíochtaí móra i dteicneolaíochtaí dícharbónaithe dhomhain, agus ní leor na beartais atá againn faoi láthair i gcónaí chun a áirithiú go mbeidh na hinfheistíochtaí sin iontaofa ó thaobh brabúis de. Dá bhrí sin, beidh orainn oibriú ar luamháin eile freisin. Is deis é **an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan** chun iomaíochas thionscal an Aontais a neartú agus chun dlús a chur le dícharbónú na hEorpa, rud a bhfuil cur síos níos leithne air i mo fhreagra ar cheist 7. Oibreoimid i dtreo sraith tionscnamh arb é is aidhm dóibh tacú le dícharbónú earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo, creat a chur i bhfeidhm chun príomh-mhargaí a fhorbairt, agus cistiú a shlógadh don aistriú.

Is beart cothrománach é feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar rochtain ar fhuinneamh glan inacmhainne a rachaidh chun tairbhe do gach tionscal, lena n-áirítear FBManna. Dá thapúla is féidir dícharbónú na heangaí leictreachais a bhaint amach, is ea is tapúla is féidir lenár dtionscail tairbhe a bhaint as. Chuige sin, áfach, is gá an eangach a neartú go tráthúil agus eadrannacht na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a láimhseáil go rathúil. I bhfianaise a thábhachtaí atá tionscail dianfhuinnimh in go leor slabhraí luacha, tabharfar aird ar leith ar dhlús a chur lena ndícharbónú agus ar tháirgeadh táirgí ísealcharbóin agus ar an méid sin a chumasú. Ar an gcaoi chéanna, tá tábhacht straitéiseach ag baint le slabhra luacha na teicneolaíochta glaine san Aontas a neartú tuilleadh, lena gcuirtear leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Ina theannta sin, molfaidh an Coimisiún plean tionsclaíoch de chuid an Aontais don earnáil mótarfheithiclí, mar cheann de phríomhearnálacha eacnamaíocha tionsclaíocha na hEorpa ar cheart dóibh leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an gclaochlú glas agus digiteach. Tá ról lárnach ag cumasóirí teicneolaíocha cothrománacha amhail teicneolaíochtaí digiteacha, ardábhair agus réitigh chiorclacha freisin.

Chun filleadh arís ar **CTA AE**, is é ár n-ionstraim aeráide bhunchloch é. Cothaíonn sé dícharbónú tionsclaíoch ar dhá phríomhbhealach: trí phraghas a chur ar charbón agus tríd an ioncam a ghintear i réitigh dícharbónaithe a athinfheistiú. Is córas é a oibríonn go maith! Is ionstraim mhargadhbhunaithe í lena mbaintear amach laghduithe ar astaíochtaí, lena dtugtar luach saothair do na tionscail is éifeachtúla ó thaobh carbóin de, agus lena gcuirtear costas an truaillithe carbóin ar ais i réitigh aeráide trí chórais amhail an Ciste don Nuálaíocht. Mar sin féin, ní mór dúinn féachaint ar an gcaoi a leanfaidh CTA AE de thacaíocht a thabhairt do dhícharbónú na tionsclaíochta tar éis 2030, ós rud é go bhfágfadh rath an dícharbónaithe go mbogfaimis chuig domhan ina bhfuil astaíochtaí an-íseal agus ina mbeadh ról ag aistrithe carbóin chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí in earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo. Faoi lár 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar roinnt gnéithe atá ábhartha maidir le bainistiú inbhuanaithe carbóin thionsclaíoch. Forbróidh sé roghanna beartais agus sásraí tacaíochta le haghaidh aistrithe carbóin tionsclaíocha, lena n-áirítear más ceart iad a chur san áireamh faoi CTA an Aontais agus conas iad a chur san áireamh. Breathnófar ann ar conas gabháil agus úsáid carbóin agus forbairt táirgí nua a chur san áireamh, chomh maith le conas déileáil le $CO_2$ a stóráiltear i dtríú tíortha comharsanachta a chur san áireamh. Leis an athbhreithniú ar CTA AE, is féidir linn féachaint ar conas is féidir feabhas breise a chur ar a ról maidir leis an aistriú glas a chistiú.

Tá leithdháileadh lamháltas astaíochtaí saor in aisce faoi CTA AE ina fhoinse infheistíochta don tionscal le blianta beaga anuas agus chuidigh sé le sceitheadh carbóin a sheachaint. Cuirfear lamháltais CTA nach n-úsáidtear a thuilleadh chun na críche sin ar ceant ina ionad sin agus rachaidh na fáltais chuig an gCiste don Nuálaíocht, agus aird ar leith á tabhairt ar thionscadail ó earnálacha SCCT (iarann agus cruach, alúmanam, stroighin, leasachán, hidrigin).

Le tabhairt isteach **CTA2**, beidh thart ar 75 % d'astaíochtaí uile na hEorpa faoi réir comhartha faoi phraghas an charbóin. Tá gné shóisialta ag baint leis an bpraghsáil carbóin, go háirithe in earnálacha CTA2 a chuireann praghas ar bhreoslaí iontaise a úsáideann saoránaigh agus iad ag téimh a dtithe agus ag tiomáint a gcarranna. Is é sin an fáth a ndéantar CTA2 a chomhlánú le Ciste Aeráide Sóisialta dar luach EUR 86.7 billiún, rud a chistítear ón ioncam ó lamháltais CTA2 a dhíol. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go ndíreofar tacaíocht faoin gCiste Aeráide Sóisialta go beacht, de réir imthosca náisiúnta sonracha, orthu siúd atá i ngátar.

Is léir ón taithí atá faighte go dtí seo go bhfuil ról atá ag éirí níos tábhachtaí ag an **gCiste don Nuálaíocht** maidir le dícharbónú na tionsclaíochta a chistiú. Chun leanúint de rath an Chiste don Nuálaíocht, cothóimid 'ceantanna mar sheirbhís' nó 'deontais mar sheirbhís' chun a chur ar a gcumas na Ballstát tionscadail a mhaoiniú ar a gcríoch a scagtar leis an gCiste don Nuálaíocht. Féachfaidh mé freisin le comhthiomsú acmhainní an Aontais agus acmhainní náisiúnta a éascú, chun leas a bhaint as tairbhí an mhargaidh aonair.

Ar bhonn níos leithne, beidh orainn dlús a chur lenár n-iarrachtaí infheistíocht phríobháideach a shlógadh agus a spreagadh, ós rud é nach leor cistiú poiblí amháin. Oibreoidh mé le mo chomhghleacaithe chun maoiniú

inbhuanaithe a mhéadú, go háirithe **maoiniú an aistrithe**, chun tacú le dícharbónú tionsclaíoch. Beidh fuinneamh uile-Eorpach agus bonneagar dícharbónaithe gaolmhar ríthábhachtach chun go mbeidh ár ngeilleagar in ann dícharbónú a dhéanamh. Tá sé ríthábhachtach an phleanáil atá ann cheana faoi chreat beartais GTE-F, faoi chreat an mhargaidh leictreachais agus gáis chomh maith leis na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a chur chun feidhme. Beidh sé tábhachtach i gcónaí forbairt bonneagair trasteorann a éascú.

Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch, agus leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch chun rannchuidiú leis an **nGníomh nua um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch**. Tríd an ngníomh seo, féachfaimid ar an mbealach is fearr chun rochtain ar mhargaí, scileanna, ceadú, rochtain ar mhaoiniú agus slógadh airgeadais a chur ar fáil mar phríomhchumasóirí chun tacú le tionscail iad féin a dhícharbónú agus rath a bhaint amach.

**Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le gabháil, iompar agus stóráil $CO_2$ (GSC), gabháil agus úsáid carbóin (GÚC) agus an margadh aonair le haghaidh $CO_2$**, oibreoidh mé i dtreo chur chun feidhme tapa an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta chomh maith leis na gníomhaíochtaí a sainaithníodh sa Straitéis Bainistíochta Carbóin Thionsclaíoch a foilsíodh i mí Feabhra seo caite chun gur féidir réitigh gabhála, úsáide agus stórála carbóin agus an bonneagar is gá a úsáid chun cuspóir a bhaint amach maidir le margadh aonair le haghaidh $CO_2$ san Eoraip. Maidir le gabháil, iompar agus stóráil, cuirfidh an Coimisiún gníomhaíochtaí chun feidhme arb é is aidhm dóibh tacú leis an slabhra luacha, le hoibreoirí stórála $CO_2$ agus le húdaráis inniúla. Cuirtear san áireamh leis na gníomhaíochtaí sin sásraí margaidh dinimiciúla a chruthú, tacaíocht agus treoir a cheadú do na Ballstáit, chomh maith le hatlas infheistíochta de láithreáin stórála $CO_2$ a fhorbairt. Maidir le haistrithe carbóin, forbróidh an Coimisiún tuilleadh sásraí beartais agus tacaíochta chun aistrithe a mhéadú. Áirítear leis sin, i measc nithe eile, measúnú ar an gcaoi a bhféadfaí aistrithe le stóráil bhuan a chur san áireamh faoin gCóras Trádála Astaíochtaí agus measúnú ar na cuspóirí foriomlána maidir le haistrithe i gcomhthéacs sprioc aeráide 2040. Maidir le GÚC, breathnóidh an Coimisiún ar ghlacadh carbóin mar acmhainn agus ar láimhseáil GÚC in CTA. Maidir le bonneagar iompair $CO_2$, mar phríomhchumasóir do gach conair theicneolaíoch, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún oibriú ar shásra pleanála gréasáin agus d'fhéadfadh sé pacáiste rialála iompair a mholadh. Ag an am céanna, déanfar obair chun rialacha cuntasaíochta astaíochtaí a fhorbairt, chun íoschaighdeáin a bhunú do shruthanna $CO_2$ agus chun treoirlínte a fhorbairt don mhuiriompar. I gcás na dteicneolaíochtaí uile, moltar gníomhaíochtaí cumasúcháin, amhail infheistíochtaí agus cistiú, feasacht phoiblí, taighde agus nuálaíocht, chomh maith le comhar trasteorann. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun na cuspóirí sin a bhaint amach, go háirithe chun na hinfheistíochtaí príobháideacha is gá a mhealladh chun bonneagar $CO_2$ a chur in úsáid.

Maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar **chaighdeáin $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna**, féach an freagra a thug mé ar cheist 7.

*11. Cad iad na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat chun borradh a chur faoi éileamh an Aontais ar theicneolaíocht ghlan a dhéantar san Eoraip agus conas a thacóidh tú le slabhraí luacha an Aontais do mhonarú teicneolaíochta glaine lena n-áirítear trí bhearta ó thaobh an tsoláthair de? Cad é leibhéal agus meascán na hinfheistíochta príobháidí agus poiblí a mheasann tú a bheith riachtanach, agus cén chaoi a ndéanann tú measúnú ar ról sonrach ionstraimí airgeadais an Aontais? Conas a laghdóidh tú spleáchais an Aontais, go háirithe ar an tSín? Cén creat a mholfaidh tú chun an úsáid a bhaintear as fóirdheontas breosla iontaise a laghdú tuilleadh agus deireadh a chur leo de réir a chéile mar chuid den obair chun spleáchais na hEorpa a laghdú? Cad iad na pleananna atá agat maidir leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT)? Cad iad na bearta atá beartaithe agat i dtaobh iomaíochas earnáil mótarfheithiclí na hEorpa?*

**Beidh Ciste CTA AE don Nuálaíocht fíor-riachtanach chun borradh a chur faoi theicneolaíocht ghlan an Aontais**. Mar atá déanta againn cheana féin, leanfaimid de ghlaonna a eagrú atá dírithe ar theicneolaíochtaí glana, lena n-áirítear a monarú, le critéir athléimneachta iomchuí i bhfianaise chuspóirí an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta. Tograí tionscadail a chuirtear faoi bhráid an Chiste don Nuálaíocht agus a sháraíonn na híostairseacha meastóireachta a shainítear sna glaonna, gheobhaidh siad Séala (Ceannasachta) STEP a tugadh isteach faoin Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), gan beann ar cé acu a fhaigheann nó nach bhfaigheann an togra cistiú faoin gCiste don Nuálaíocht. Is é is aidhm don Séala rochtain ar dheiseanna cistiúcháin eile a éascú do na tionscadail sin, lena n-áirítear faoi Chistí an Bheartais Chomhtháthaithe agus faoin tSaoráid Athléimneachta agus Téarnaimh.

A mhéid a bhaineann leis an **meascán de riachtanais phríobháideacha agus phoiblí**, ba cheart an chuid is mó de na riachtanais a chumhdach le maoiniú príobháideach. Is é sin le rá, ní mór cás gnó a bheith ann le haghaidh infheistíochta príobháidí. Chun é sin a áirithiú, tá sé ríthábhachtach: ar an gcéad dul síos, feabhas a chur ar dhoimhneacht na margaí caipitil príobháideacha mar a mholtar i dtuarascáil Letta agus Draghi araon; ar an dara

dul síos, maoiniú inbhuanaithe a mhéadú, go háirithe maoiniú an aistrithe; agus ar an tríú dul síos, iontaofacht ó thaobh brabúis an oiread infheistíochtaí dícharbónaithe agus is féidir a áirithiú. Ba cheart maoiniú poiblí a theorannú do na cuspóirí deireanacha sin agus do na hinfheistíochtaí sin nach féidir iontaofacht ó thaobh brabúis de a áirithiú ina leith ar shlí eile (mar shampla roinnt infheistíochtaí bonneagair).

I gcás inarb é rochtain ar mhaoiniú an fhadhb a bhaineann le hinfheistíocht phríobháideach, ba cheart tosaíocht a thabhairt d'ionstraimí airgeadais seachas do dheontais. Léirigh InvestEU an breisluach a bhaineann le huirlis de chuid an Aontais a bheith ann chun maoiniú príobháideach a ghiaráil.

Is sampla eile é an Ciste don Nuálaíocht d'ionstraim dhea-fheidhmiúil chun maoiniú príobháideach a ghiaráil le haghaidh infheistíochtaí sna tionscadail thionsclaíocha a bhfuil riosca níos mó ag baint leo. Trí bhealaí níos fearr a aimsiú chun deontais a chomhcheangal le hionstraimí airgeadais, d'fhéadfaí úsáid níos cost-éifeachtaí a bhaint as airgead poiblí, chomh maith le dlús a chur le dlúthchaidreamh airgeadais a bhaint amach do chuideachtaí. Tá sé ríthábhachtach freisin maoiniú inbhuanaithe a mhéadú, go háirithe don aistriú agus don athléimneacht. Ina theannta sin, trí infhaighteacht faisnéise a éascú do chorparáidí agus d'infheisteoirí, agus trí phleananna inchreidte atá ailínithe leis an dlí aeráide, rannchuideofar le sreafaí airgeadais a aistriú chun tacú lenár gcuspóirí aeráide agus fáis a bhaint amach.

Tá ról le himirt ag an **mbeartas trádála** chun tacú le tionscail dianfhuinnimh agus iad á ndícharbónú agus chun gur féidir le tionscail na teicneolaíochta glaine éagsúlú a dhéanamh, chun borradh a chur faoi dheiseanna onnmhairiúcháin, chun cosaint a thabhairt ar iomaíocht éagórach agus chun cothrom na Féinne a áirithiú. A mhéid a bhaineann leis an teicneolaíocht ghlan, tá dúshláin éagsúla roimh earnálacha éagsúla ó thaobh iomaíocht dhomhanda de, i gcás inar féidir leis an mbeartas trádála tacú leo trí dheiseanna onnmhairiúcháin a oscailt, trí mhargadh an Aontais a chosaint nó trí sholáthar amhábhar criticiúil a dhaingniú go háirithe. Is glan-onnmhaireoir é an tAontas i roinnt earnálacha tionscail glan-nialasachta. Mar shampla, i gcás gaoithe, bunaithe ar shonraí 2022, tá thart ar 30 % den sciar den mhargadh domhanda ag tionscal an Aontais. Sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach rochtain ar mhargaí tríú tíortha a chur chun cinn dár dtionscal freisin.

Is éard atá i gceist le spleáchais an Aontais a laghdú ár n-iomaíochas agus ár gcumas nuálaíochta féin a chur chun cinn sa bhaile, agus comhpháirtíocht a dhéanamh chun margaí nua agus foinsí nua soláthair a oscailt thar lear. Leanfaimid de bheith ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe d'fhonn athléimneacht an tslabhra soláthair a neartú, trí chomhar déthaobhach mar atá i gcás na Meithle idir an tAontas agus an tSeapáin maidir le slabhraí soláthair, agus go iltaobhach (i.e. i gcomhthéacs G7). Neartófar na hiarrachtaí sin le huirlisí atá ann cheana amhail Global Gateway, agus le huirlisí nua, amhail Comhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan.

**Tá céimeanna tábhachtacha glactha ag an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar spleáchais ar an tSín, ach tá gá le níos mó fós**. Díríonn an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla araon ar an ngá atá le soláthar na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar criticiúil a éagsúlú, agus ar an ngá atá le bonn monaraíochta leordhóthanach san Aontas. Ar an gcaoi chéanna, an mhí seo caite, mholamar na rialacha don chéad cheant hidrigine eile faoin gCiste don Nuálaíocht, a mbeidh critéir shainráite aige chun ligean dúinn ár slabhraí soláthair éagsúlaithe a mhúnlú, lena n-áirítear táirgeadh leictrealóirí san Aontas. Tá sé seo ríthábhachtach chun slándáil an tsoláthair a chothabháil chomh maith le slándáil sonraí. Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, ba cheart go mbeimis in ann aghaidh a thabhairt air sin a thuilleadh. Rannchuideoidh SCCT le cuspóirí aeráide an Aontais, tabharfaidh sé aghaidh ar ábhair imní maidir le sceitheadh carbóin, agus ag an am céanna ceadóidh sé infheistíochtaí i dtionscal dícharbónaithe de chuid an Aontais. **Maidir le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise**, luaigh mé mo sheasamh mar fhreagra ar cheist 6.

**Maidir leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha**, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme iomlán tráthúil SCCT le linn na hidirthréimhse agus ina dhiaidh sin. Oibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch agus le seirbhísí eile den Choimisiún chun na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ullmhú, mar a cheanglaítear le Rialachán SCCT. Áiritheofar leis sin cur chun feidhme rianúil SCCT agus, ag an am céanna, coinneofar an t-ualach riaracháin ar na gníomhaithe uile lena mbaineann chomh híseal agus is féidir, go háirithe le haghaidh FBManna. Áiritheoidh mé go leanfaidh an Coimisiún de bheith ag éisteacht le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gnólachtaí agus riaracháin náisiúnta, agus le comhpháirtithe tríú tíortha freisin, ós rud é gur mian linn go mbeidh na bearta cur chun feidhme chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Cinnteoidh mé go ndéanfaidh an Coimisiún na ceachtanna uile a foghlaimíodh ón idirthréimhse reatha a mheas. Cuirfimid tuarascáil athbhreithnithe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi dheireadh na bliana seo chugainn. Áireofar sa tuarascáil measúnú ar shíneadh féideartha SCCT chuig níos mó earraí, ar an leathnú féideartha ar chumhdach astaíochtaí indíreacha chuig gach earnáil a chumhdaítear, ar rialachas SCCT, agus ar

thionchar idirnáisiúnta an rialacháin ar thíortha i mbéal forbartha agus go háirithe ar na Tíortha is Lú Forbairt.

Ar deireadh, tá **iomaíochas earnáil mótarfheithiclí na hEorpa** ríthábhachtach do gheilleagar an Aontais. Is ionann í agus os cionn 7 % den OTI agus soláthraíonn sí, go díreach agus go hindíreach, thart ar 13 mhilliún post. Tá sé fíor-riachtanach an creat iomchuí a leagan amach chun tacú le hiomaíochas thionscal an Aontais le linn an aistrithe sin.

Leis na caighdeáin $CO_2$, le haghaidh gluaisteán agus veaineanna agus feithiclí tromshaothair araon, tugtar cinnteacht agus intuarthacht fhadtéarmach don mhargadh maidir leis an scála claochlaithe is gá san earnáil mótarfheithiclí. Leis sin, treoraítear infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glana, forbairt slabhraí luacha nua san Aontas, bonneagar chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe. Tá gníomhaíochtaí eile curtha i bhfeidhm cheana féin chun tacú leis an aistriú rathúil i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, agus beidh cur chun feidhme iomlán na ngníomhaíochtaí sin ríthábhachtach, lena n-áirítear: an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (chun dlús a chur le himscaradh bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe), an Rialachán maidir le Ceallraí (chun a áirithiú go mbeidh na ceallraí a chuirtear ar mhargadh an Aontais inbhuanaithe agus ciorclach ar feadh a saolré), an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla (chun rochtain ar sholáthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú), agus Plean Gníomhaíochta an Aontais le haghaidh Eangacha (chun nuachóiriú na heangaí leictreachais a áirithiú chun leictrea-shoghluaisteacht a chomhtháthú). Beidh gá le tuilleadh tionscnamh freisin chun tacú le hiomaíochas na hearnála, agus ina leith sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go háirithe le Coimisinéirí eile ar an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan d'fhonn infheistíocht a scaoileadh, príomh-mhargaí a chruthú don teicneolaíocht ghlan agus dálaí a chur i bhfeidhm do chuideachtaí chun gur féidir leo fás agus dul san iomaíocht. Is é is aidhm don Ghníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch infheistíochtaí agus tacaíocht bhreise a dhíriú ar thionscail atá i mbun an aistrithe sin, go háirithe dlús a chur leis na próisis ghaolmhara phleanála, tairisceana agus cheadaithe. Ar deireadh, rannchuideoidh mé le cúram an Choimisinéara um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht plean tionsclaíoch AE a fhorbairt don earnáil mótarfheithiclí.

Ceist ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

12. Luaitear i do litir mhisin 'go ndéanfaidh tú an creat le haghaidh aistriú sóisialta agus cóir a neartú tuilleadh'. Tá meascán d'ionstraimí treorach, faireacháin agus cistiúcháin sa chreat atá ann faoi láthair le haghaidh aistriú cóir sa Chomhaontú Glas don Eoraip. I bhfianaise costais arda fuinnimh agus mhaireachtála agus éagothromaíochtaí atá ag dul i méid, ba cheart don Aontas creat níos uaillmhianaí agus níos láidre a bhunú, lena n-áirítear bearta ceangailteacha, agus aghaidh a thabhairt ar na gnéithe comhshaoil agus sóisialta ar bhealach comhlántach ón tús. Mar Choimisinéir ainmnithe don Aeráid, don Ghlan-Nialasacht agus don Fhás Glan, cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla reachtacha a dhéanfaidh tú chun aistriú sóisialta agus cóir a áirithiú do chách? Cad iad na bearta a mholfaidh tú mar chuid de chreat neartaithe um aistriú cóir agus conas a chuirfidh tú infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht táirgí agus seirbhísí inbhuanaithe chun cinn? Conas a rannchuideoidh tú le poist inbhuanaithe ardcháilíochta a chruthú, le comhaontuithe comhchoiteanna a chur i bhfeidhm agus le cearta faisnéise agus comhairliúcháin oibrithe a fhorfheidhmiú? Agus conas a dhéanfaidh tú na comhpháirtithe sóisialta a rannpháirtiú san obair sin?

Ní bheidh rath ar an aistriú mura bhfuil sé cothrom. **Sa sainordú roimhe seo, tá bearta tábhachtacha curtha chun cinn againn lena gcuirtear cothroime i gcroílár** an **Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip**, agus déantar an cistiú a sheachadadh agus a phleanáil go háirithe tríd an gCiste Téarnaimh agus Athléimneachta, trí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, tríd an gCiste um Aistriú Cóir agus tríd an gCiste Aeráide Sóisialta. Leis an Moladh ón gComhairle chun aistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, tugadh treoir nithiúil do na Ballstáit maidir le conas aghaidh a thabhairt ar ghnéithe fostaíochta agus sóisialta an aistrithe. Chumhdaíomar gnéithe tábhachtacha cothroime, amhail dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, i dtionscnaimh amhail an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh.

Tá mórán fós gan déanamh. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch agus leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí atá ann cheana, amhail na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide chuige sin. San athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, féachfaidh mé le neartú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéileáiltear le dúshláin agus deiseanna an aistrithe chóir. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar le mo chomhghleacaithe sa Choláiste chun aistriú cóir a áirithiú do chách agus chun na dálaí cearta a chruthú do chuideachtaí chun ár gcomhspriocanna a bhaint amach, lena n-áirítear trí fhaireachán agus cur chun feidhme ar an láthair a éascú agus trí anailís a dhéanamh ar bhearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus trí bhealach chun cinn comhpháirteach réamhghníomhach a bhaint amach.

Tá **cistiú** ríthábhachtach chun aistriú cothrom agus cóir a bhaint amach. Is éard atá i gceist le borradh a chur faoi iomaíochas cuideachtaí Eorpacha poist a chruthú agus daoine a chumasú chun athruithe a bhainistiú go rathúil. Áirítear ar na hinfheistíochtaí is gá chun aistriú glas rathúil a bhaint amach na hinfheistíochtaí sin chun tacú le daoine agus le cuideachtaí san aistriú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na deiseanna athscilithe agus uas-scilithe a chur ar fáil a chuirfidh ar a gcumas na deiseanna a thapú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an aistrithe. Is é an chéad tosaíocht a bheidh ann úsáid na n-acmhainní atá ar fáil trí NextGenerationEU agus tríd an mbuiséad reatha a áirithiú. In éineacht le mo chomhghleacaithe, cinnteoidh mé go n-éireoidh leis an gCiste Aeráide Sóisialta ón uair a sheolfar é chun tacú le daoine leochaileacha, go háirithe iad siúd atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh nó iompair. Gan dochar don phlé ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, tacaím le gealltanas an Uachtaráin i dTreoirlínte Polaitiúla 2024-2029 an cistiú le haghaidh aistriú cóir a mhéadú go suntasach ar fud an bhuiséid fhadtéarmaigh. Oibreoimid le chéile ar mhaithe le buiséad fadtéarmach níos simplí, níos dírithe agus níos freagrúla lena léireofar tosaíochtaí straitéiseacha Eorpacha agus an uaillmhian atá againn Coimisiún Infheistíochta a dhéanamh den Choimisiún seo.
Maidir le ceist leathan na **dtáirgí agus na seirbhísí inbhuanaithe**, leis an gcreat Éicidhearthóireachta um Tháirgí Inbhuanaithe, is féidir dlús a chur leis an obair thábhachtach a bhaineann le caighdeáin a leagan síos le haghaidh táirgí a ídíonn fuinneamh, rud a chuireann cosc ar tháirgí is cúis le billí iomarcacha fuinnimh a dhíol. Is gá go leor de na ceanglais atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta, ós rud é go bhfuil na teicneolaíochtaí atá ar fáil ag feabhsú i gcónaí – obair a dtacóidh mé go hiomlán léi. Le forálacha maidir le hindeisitheacht, ach freisin maidir le feidhmiúlacht fhoriomlán, agus maidir le hastaíochtaí guaiseacha a sheachaint, cosnóimid tomhaltóirí ar chostais mhíchuí, agus brúfaimid táirgí neamh-inbhuanaithe agus díobhálacha ón margadh ar bhonn níos leithne. Ag an am céanna, cuirfidh lipéadú fuinnimh agus inbhuanaitheachta cothrom le dáta, le tacaíocht ó Phas Táirge Digiteach an Aontais a bheidh ann amach anseo, ar chumas tomhaltóirí táirgí a roghnú a bhfuil na costais iomlána úinéireachta agus an lorg comhshaoil is ísle acu. Oibreoimid leis na Ballstáit freisin chun feabhas a chur ar fhaireachas margaidh agus ar fhorfheidhmiú na gceanglas éicidhearthóireachta agus lipéadaithe fuinnimh, agus chun calaois a chosc. I bhfianaise chur chun feidhme na Treorach maidir le Maímh Ghlasa atá faoi réir na comhchinnteoireachta faoi láthair, oibreoimid chun rialacha soiléire a mholadh i gcoinne snas glas-aeráide, agus ag an am céanna ag cur ar chumas cuideachtaí agus tomhaltóirí táirgí atá neamhdhíobhálach don aeráid a shainaithint. I gcás táirgí foirgníochta agus príomhtháirgí tionsclaíocha, cuirfimid faisnéis iontaofa ar fáil maidir le lorg aeráide, rud a chumasóidh príomh-mhargaí a chruthú do thionscal na hEorpa. Agus aghaidh á tabhairt ar inacmhainneacht na dtáirgí inbhuanaithe, tá sé fíor-riachtanach aird a thabhairt ar na daoine is leochailí agus inacmhainneacht earraí agus seirbhísí a áirithiú. Comhoibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Coimisinéirí eile, agus mé ag tosú leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht, chun tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe a chothú chomh maith le fuinneamh níos saoire agus glan. Tá ról lárnach ag an gCiste Aeráide Sóisialta ina leith sin. In éineacht leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht agus leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch, breathnóimid freisin ar chánachas agus ar fhóirdheontais dhíobhálacha iontaise. Ní mór dúinn feabhas a chur ar na dreasachtaí atá ann faoi láthair chun imeacht ó bhreoslaí iontaise agus na hacmhainní ábhartha a atreorú chuig infheistíochtaí i ndícharbónú agus san aistriú cóir.

Agus mé ag obair ar an aistriú cóir, cuirfidh mé chun feidhme an prionsabal a leag an tUachtarán amach ina Treoirlínte Polaitiúla '**nach mór do dhaoine agus dá bpoist fanacht i gcroílár ár ngeilleagar sóisialta margaidh** fiú de réir mar a athraíonn ár dtionscail agus ár ngeilleagair'. Leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta, leanfar de riachtanais scileanna breise a ghiniúint, in earnálacha 'glana' nua, agus i gclaochlú na n-earnálacha atá ann cheana. Tagann na riachtanais bhreise sin chun cinn i gcomhthéacs ganntanas leanúnach saothair agus scileanna, agus riachtanais athsholáthair atá ag dul i méid mar gheall ar lucht saothair atá ag dul in aois. Oibreoidh mé i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun **Aontas Scileanna** a dhéanamh den Aontas Eorpach.

Creidim nach féidir aistriú cóir a dhéanamh mura n-éistfimid leo siúd a bhfuil na dúshláin is mó rompu. Rachaidh mé **i dteagmháil leis na comhpháirtithe sóisialta** chun plé a dhéanamh ar conas constaicí tábhachtacha ar an aistriú a shárú agus chun cruthú post ardcháilíochta a áirithiú. Go háirithe, rannchuideoidh mé leis an obair ar an **Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán** a fhorbrófar i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta**.** I gcás inarb ábhartha, tacóidh mé le mo chomhghleacaithe freisin chun a áirithiú go ndéanfar na cearta atá ag an Aontas cheana i réimse na faisnéise agus an chomhairliúcháin le hoibrithe a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú chun rannchuidiú le haistriú sóisialta agus cothrom. Ina theannta sin, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do thionscadail na gcomhpháirtithe sóisialta chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag na cearta sin ar an láthair chun gabháil le hathruithe a eascraíonn as an aistriú.

Ar deireadh, ní mór dúinn **rioscaí aeráide** a bhainistiú chun caighdeáin mhaireachtála a chosaint agus a fheabhsú, chun an neamhionannas a chomhrac agus chun daoine a chosaint. Chun cur le Teachtaireacht 2024 maidir le

Rioscaí Aeráide a Bhainistiú, oibreoidh mé chun athléimneacht chóir a neartú tríd an bPlean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide atá ar na bacáin. Agus mé ag obair le Coimisinéirí eile, féachfaidh mé ar an acmhainneacht atá ag uirlisí ar leibhéal an Aontais a d'fhéadfadh cabhrú le cinnteoirí faisnéis faoi rioscaí aeráide a thabhairt isteach ina bpróisis dhaonlathacha, chun athléimneacht chóir agus beartais oiriúnaithe aeráide atá cothrom ó thaobh na sochaí de a cheapadh.

Ceist ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

13. Chuir an tUachtarán von der Leyen de chúram ar an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan a bheidh ann amach anseo tacú le cur chun feidhme an chreata dhlíthiúil aeráide atá ann cheana do 2030, lena n-áirítear athbhreithnithe atá beartaithe chomh maith le hinfheistíochtaí leordhóthanacha i mbonneagar glan-nialasach na hEorpa a áirithiú. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat rannchuidiú a dhéanamh le cur chun feidhme cuí tráthúil na reachtaíochta a bhaineann le hiompar agus cothrom iomaíochta do chuideachtaí iompair Eorpacha, iomaíochas earnáil iompair na hEorpa agus poist ardcháilíochta agus tharraingteacha san Eoraip á n-áirithiú ag an am céanna? Cén straitéis agus amlíne a bheadh agat chun infheistíochtaí leordhóthanacha a áirithiú, lena n-áirítear infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glan-nialasacha, i mbreoslaí, i mbonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe chun an earnáil iompair a dhícharbónú?

Is é an t-iompar cnámh droma gheilleagar na hEorpa agus cumasaíonn sé soghluaisteacht daoine. Cuireann an earnáil iompair tuairim is 5 % le OTI an Aontais agus tá níos mó ná 10 milliún duine fostaithe inti. Éascaíonn sé fás go díreach in earnálacha eile. Braitheann an turasóireacht – agus an Eoraip fós ar an gceann scríbe is mó ar domhan – ar nascacht chun cabhrú lena 3.5 milliún fiontar agus le 20.4 milliún fostaí a bheith rathúil.

Mar sin féin, cuireann iompar costas ar ár sochaí agus ar an gcomhshaol freisin**. Is é an t-iompar an t-aon mhórearnáil i ngeilleagar an Aontais ina bhfuil astaíochtaí fós níos airde ná mar a bhí in 1990**, mar gheall, den chuid is mó, ar mhéadú suntasach ar an éileamh ar iompar. Chun sprioc an Aontais maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus an cuspóir aeráidneodrachta faoi 2050 a bhaint amach, tá gá le beartais uaillmhianacha agus gníomhaíocht uaillmhianach chun laghdú tapa leordhóthanach ar astaíochtaí ó gach earnáil a áirithiú, lena n-áirítear ón iompar. Mar a léirítear sna Measúnuithe Tionchair le haghaidh spriocanna 2040 agus 2050, ní mór astaíochtaí san iompar a laghdú 90 % faoi 2050, chun aeráidneodracht a bhaint amach. Leis an aistriú sin i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha – bíodh sin do dhaoine nó d'earraí – cuirtear deiseanna iontacha ar fáil chun cáilíocht saoil níos fearr a bhaint amach trí thruailliú laghdaithe, agus chun go leanfaidh tionscal na hEorpa ar fud na slabhraí luacha de bheith nuálach agus de phoist ardcháilíochta a chruthú. Tá sé sin ríthábhachtach chun iomaíochas ár dtionscal a neartú agus chun cabhrú leo ceannaireacht dhomhanda a shaothrú de réir mar atá margaí eile ag bogadh go tapa i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha. Ba cheart an t-aistriú glas a chur chun feidhme ar bhealach nach gcuirfidh nascacht agus rochtain inacmhainne ar roghanna iompair inbhuanaithe i mbaol agus ar bhealach lena gcuirfear feabhas orthu do shaoránaigh uile an Aontais.

Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht chun na gnéithe éagsúla a chur i gcrích.

Sa chomhthéacs sin, tá **creat cuimsitheach curtha i bhfeidhm ag an Aontas don aistriú**, creat atá bunaithe ar an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir', agus tá sé fíor-riachtanach anois dul chun cinn a dhéanamh maidir lena chur chun feidhme. A mhéid a bhaineann le hiompar de bhóthar, leagtar síos spriocanna soiléire sna caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí: sprioc astaíochtaí a laghdú 100 % do ghluaisteáin agus veaineanna nua chomh maith le busanna uirbeacha a chláraítear san Aontas ó 2035 ar aghaidh, agus sprioc astaíochtaí a laghdú 90 % d'fheithiclí tromshaothair faoi 2040. Tá an t-éileamh ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha ag méadú ar fud an domhain, agus is gá, dá bhrí sin, leanúint d'infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí, i mbonneagar, i scileanna agus i bhforbairt na slabhraí luacha nua a spreagadh, chun seasamh iomaíoch thionscal an Aontais san aistriú domhanda i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a neartú. I ndáil leis sin, tá cobhsaíocht agus cur chun feidhme na gcaighdeán $CO_2$ ríthábhachtach, toisc go soláthraítear leo intuarthacht fhadtéarmach shoiléir chun na hinfheistíochtaí is gá san earnáil a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach. Mar a fógraíodh sna treoirlínte polaitiúla agus mar a deimhníodh sa litir mhisin a cuireadh chugam, déanfar leasú spriocdhírithe ar an rialachán mar chuid den athbhreithniú atá beartaithe, chun go mbeidh ról ag bithbhreoslaí sa chur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Ina theannta sin, trí phraghsáil carbóin le haghaidh iompar de bhóthar a thabhairt isteach le **CTA2**, comhlánófar na caighdeáin $CO_2$ (chomh maith le beartais eile amhail éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite) le dreasachtaí eacnamaíocha le haghaidh infheistíochtaí. Táimid réidh le tús a chur le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí i mí Eanáir 2025. Tá tacaíocht á cur ar fáil ag an gCoimisiún do na Ballstáit chun tús rianúil a chur leis an gcóras agus chun cur chun feidhme aonfhoirmeach a áirithiú ar fud an Aontais.

Tá bearta tacaíochta curtha i bhfeidhm ag an Aontas freisin, lena n-áirítear an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha agus an Rialachán maidir le Ceallraí, lena n-áiritheofar imscaradh an bhonneagair athluchtaithe is gá le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha ar fud na hEorpa, rud a chuirfidh lena dtarraingteacht do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais.

Chun cothrom na Féinne a áirithiú do thionscal an Aontais, úsáidfidh an Coimisiún ionstraimí cosanta trádála freisin i gcás ina bhfuil údar leis, mar a rinne sé leis na bearta frith-fhóirdheontais maidir le gluaisteáin leictreacha a allmhairítear ón tSín.

Leis an ról méadaithe atá ag **praghsáil carbóin don eitlíocht agus lena tabhairt isteach don mhuiriompar**, cuirfear feabhas ar chothrom na Féinne do réitigh iompair dhícharbónaithe sna hearnálacha sin, atá ríthábhachtach i gcónaí do na hearnálacha idirnáisiúnta sin. Sin an fáth a bhfuil CTA AE bunaithe ar chóir chomhionann ar bhealaí do na haerlínte uile agus go bhfuil sé neodrach ó thaobh na brataí de don mhuiriompar. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá an Coimisiún ag obair chun uaillmhian a mhéadú tríd an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) a neartú agus trí rannpháirtíocht tríú tíortha a spreagadh. Ag an am céanna, tá coimircí i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais maidir le hiomaíochas ár n-aerlínte. Comhlánaítear CTA AE le bearta eile chun dícharbónú na heitlíochta a dhreasú, go háirithe Rialachán Eitlíochta ReFuelEU, an Chomhghuaillíocht um Aerárthaí Astaíochtaí Nialasacha, agus an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch maidir le Slabhra Luacha Breoslaí In-athnuaite agus Ísealcharbóin.

I gcás an **mhuiriompair**, leis an Rialachán Muirí FuelEU agus le leathnú CTA AE chuig earnáil an mhuiriompair, cuirtear creat ar aistriú glan na hearnála agus cuirtear deiseanna suntasacha tionsclaíocha agus iomaíochais ar fáil do shlabhra luacha uisce-iompartha iomlán an Aontais. Leis an gcreat rialála láidir sin de chuid an Aontais agus leis na bearta atá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an riosca imghabhála, is maith is féidir le tionscal an Aontais a bheith ina cheannaire i loingseoireacht inbhuanaithe atá feabhsaithe go digiteach. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar iomaíochas na hearnála chomh maith leis na deiseanna agus na dúshláin a bheidh ann amach anseo a bhaineann lena haistriú fuinnimh. Tacóidh mé leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht chun an straitéis thionsclaíoch mhuirí a fhorbairt agus rannchuideoidh mé lena chuid oibre chun sraith chuimsitheach beart a bhaint amach ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun loingseoireacht a dhícharbónú faoi 2050.

Tá iomaíochas chuideachtaí iompair na hEorpa ag brath ar phearsanra oilte a bheith ar fáil. Oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas oibrithe atá ann faoi láthair san earnáil agus chun freagairt do na dúshláin a bhaineann le hathsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair ar fud na modhanna iompair. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé le hobair na n-údarás náisiúnta agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun dlús a chur lena n-iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh na scileanna is gá ag an lucht saothair chun dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua agus don nuálaíocht. Leanfaidh mé freisin de thacaíocht a thabhairt d'obair chomhpháirtíochtaí mórscála an Chomhshocraithe um Scileanna maidir le Motarfheithiclí agus maidir le Longthógáil agus Teicneolaíocht Mhuirí. Is deiseanna tábhachtacha iad cláir agus cistí amhail Ciste Sóisialta na hEorpa+ agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Bhí ról tábhachtach ag an **gCiste don Nuálaíocht le haghaidh CTA AE** i ndícharbónú agus iomaíochas na hearnála iompair á choinneáil ag an am céanna. I gcás na heitlíochta, bunaíodh dreasacht bhreise de 20 milliún lamháltas astaíochtaí CTA chun dlús a chur le húsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe. I gcás earnáil na loingseoireachta, tá 20 milliún lamháltas CTA ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí san earnáil go dtí 2030. Is samplaí maithe iad infheistíochtaí i dtáirgeadh breoslaí malartacha inbhuanaithe, bád farantóireachta leictreacha, seirbhísí athnuachana cabhlaigh chun longa atá ann cheana a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh nó i gcur chun feidhme réitigh chúnaimh tiomána gaoithe a rinne an tAontas, d'acmhainneacht mhór chun gníomhú éifeachtúil ar son na haeráide a chomhcheangal le ceannaireacht thionsclaíoch. I dteannta an Chiste don Nuálaíocht le haghaidh ETS, leis an gCiste don Nuachóiriú, a mhaoinítear freisin le hioncam CTA AE, féadfar bonneagar soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha a mhaoiniú i 13 Bhallstát ísealioncaim. Is féidir leis na Ballstáit ioncam CTA a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh sa ghníomhú ar son na haeráide in earnáil an iompair. Tá sciar suntasach de á úsáid cheana féin ag roinnt Ballstát chuige sin.

Tacóidh mé le glacadh **Comhshocraithe chuimsithigh um Infheistíocht Iompair Inbhuanaithe** go luath sa sainordú, ina leagfar amach cur chuige straitéiseach chun infheistíochtaí i réitigh dícharbónaithe iompair a mhéadú agus tosaíocht a thabhairt dóibh – go háirithe d'earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo ar nós an earnáil eitlíochta agus an earnáil mhuirí agus chun rochtain ar sholáthairtí fuinnimh saora, inbhuanaithe agus slána a áirithiú. Tá sé tábhachtach ionstraimí uile-Eorpacha a fhorbairt chun meascán d'ionstraimí náisiúnta a sheachaint a d'fhéadfadh an margadh inmheánach a shaobhadh nó iomaíocht fóirdheontais a chruthú idir na Ballstáit.

Ar deireadh, is féidir le modhanna glana iompair, amhail iompar d'iarnród, roghanna malartacha a chur ar fáil do go leor turas, do phaisinéirí agus d'earraí araon agus is gá iad a chomhtháthú níos fearr sa chóras iompair.

Ceist ón bhFochoiste um Chúrsaí Cánach

**Creat Cánach d'Earnáil Airgeadais an Aontais**

*14. Luaitear an méid seo a leanas i do litir mhisin: 'sainaithneoidh tú réitigh nuálacha le haghaidh creat cánach comhleanúnach d'earnáil airgeadais an Aontais'. Cad iad na hathruithe sonracha ar bheartas cánach an Aontais a mholfaidh tú chun i) an creat cánach a bhaint amach ii) infheistíocht phríobháideach a mhéadú agus seachaint agus imghabháil cánach ag cuideachtaí agus daoine aonair a laghdú iii) an córas cánach a shimpliú chun a áirithiú go mbainfear bacainní cánach ar infheistíocht trasteorann agus chun cothromas i maoiniú gnó a mhéadú, lena ndéantar, dá bhrí sin, dlús a chur le cur i gcrích Aontas na Margaí Caipitil agus iv) leanúint den athchóiriú ar chánachas corparáideach san Aontas? Cén ról, dar leat, atá ag comhchuibhiú cánach caipitil i gcomhthéacs fhorbairt an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, mar a bheartaítear i dtuarascáil Letta?*

Tá ról ríthábhachtach ag an earnáil airgeadais sa gheilleagar. Sa bhreis ar an tábhacht ábhartha a bhaineann leis maidir le poist a chruthú (4.9 milliún in 2023) agus OTI (EUR 618 mbilliún, thart ar 4.3 % de OTI an Aontais in 2022), bailíonn sé coigiltis agus atreoraíonn sé iad trí bhíthin maoiniú agus infheistíochtaí a théann ar ais chuig saoránaigh agus corparáidí. Tá ról ríthábhachtach ag an idirghabháil sin, agus tá feidhmiú cuí na seirbhísí airgeadais ríthábhachtach chun fás eacnamaíoch athléimneach a bheith ann trí mhaoiniú éifeachtúil ár ngeilleagar, lena n-áirítear an nuálaíocht. Dá bhrí sin, is bunchloch fíor-riachtanach d'iomaíochas na hEorpa é. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé mo dhícheall rialacha cánachais a nuachóiriú chun tacú leis na príomhfheidhmeanna a fheidhmíonn an córas airgeadais sa gheilleagar.

Glacadh céim thábhachtach le linn shainordú an Choimisiúin a bhí ann roimhe seo. Ghlac an Chomhairle Treoir FASTER (Faoiseamh níos tapúla agus níos sábháilte ó fharasbarr cánach) i réimse na nósanna imeachta um fhaoiseamh cánach siarchoinneálaí. Is céim an-tábhachtach sa treo ceart é sin cheana féin agus is céim aistir é don Aontas Coigiltis agus Infheistíochta Eorpach, mar a bheartaítear sna treoirlínte polaitiúla. Beidh sé níos éasca agus níos tapúla d'infheisteoirí le FASTER a n-aisíocaíochtaí a fháil ar chánacha iomarcacha a choinnítear siar ag an bhfoinse agus ar an gcaoi sin cánachas dúbailte a sheachaint. Áirítear ann freisin nósanna imeachta láidre faoisimh chun mí-úsáid cánach a chomhrac ar mhaithe le hinfheisteoirí, idirghabhálaithe airgeadais agus riaracháin chánach. Leis na nósanna imeachta caighdeánaithe sin, sábhálfaidh infheisteoirí thart ar EUR 5.17 billiún in aghaidh na bliana.

Is gá níos mó a dhéanamh, áfach. Ar an gcúis sin, beidh sé d'aidhm agam breathnú go cuimsitheach ar an gcreat cánach atá ann faoi láthair agus molfaidh mé athchóirithe cibé áit a bhfuil gá leo. Tá go leor déanta ó thaobh na rialála de chun dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le rioscaí iomarcacha a thógáil san earnáil airgeadais agus chun iarmhairtí na géarchéime airgeadais a mhaolú. Amach anseo, tá sé chomh tábhachtach céanna a áirithiú go rannchuideoidh na rialacha cánach is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais le hAontas Coigiltis agus Infheistíochta an Aontais a fhorbairt agus le hiomaíochas an Aontais a fheabhsú.

Tá difríocht shuntasach idir na rialacha cánach is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais ar fud an Aontais, agus cuireann na Ballstáit go leor cánacha earnáilsonracha éagsúla i bhfeidhm, rud a chruthaíonn castacht agus saobhadh sa Mhargadh Aonair. Bíonn gnólachtaí a oibríonn in earnáil airgeadais an Aontais neamhchosanta ar mheascán de chánacha earnálacha neamh-chomhchuibhithe, lena n-áirítear Cánacha i ndáil le Préimheanna Árachais, tobhaigh institiúidí airgeadais, cánacha párolla speisialta agus cánacha ar idirbhearta airgeadais, sa bhreis ar chánacha a chuirtear i bhfeidhm ar an ngeilleagar ar fad amhail cánacha ioncaim chorparáidigh. San Aontas Eorpach, tá go leor seirbhísí airgeadais díolmhaithe ó CBL. Tá an díolúine sin, atá éigeantach faoi Threoir an Aontais maidir le CBL, i bhfeidhm le breis agus 40 bliain agus, ar bhealaí áirithe, tá sí as dáta. Go deimhin, mar thoradh ar chomhtháthú méadaitheach na dteicneolaíochtaí digiteacha sa tionscal airgeadais agus sa tsochaí i gcoitinne, tá seirbhísí nua ann nach raibh ann nuair a glacadh an creat cánach atá ann faoi láthair. Ní hé nach ngearrtar go leor cánach ar an earnáil airgeadais mar gheall ar an díolúine sin, ós rud é go bhfuil CBL neodrach ó thaobh costais de do ghnólachtaí.

I bhfianaise an mhéid sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, cinnteoidh mé go gcumhdófar gach gné thuasluaite sa mhachnamh ar na rialacha iomchuí maidir le cánachas na hearnála airgeadais, lena n-áirítear CBL agus an gcuireann rialacha náisiúnta maidir le cánacha earnála a chuirtear i bhfeidhm ar fud Bhallstáit an Aontais bac ar oibríochtaí trasteorann agus an gcuireann siad bac ar dhigitiú, iomaíochas agus nuálaíocht sa Mhargadh Aonair. Sin é an fáth go bhfuil staidéar cuimsitheach seolta chun an t-ábhar a iniúchadh. Ós rud é go bhféadfadh athruithe

ar chánacha a rialaítear go hiomlán ar an leibhéal náisiúnta faoi láthair a bheith i gceist leis sin, beidh gá le machnamh leathan, ina mbeidh na Ballstáit agus an tionscal airgeadais rannpháirteach.

Agus na deacrachtaí atá ag gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, a bhfuil caipiteal fiontair nó cineálacha eile caipitil fáis mar thaca leo, maidir le rochtain a fháil ar fhoinsí cistiúcháin laistigh den Aontas á bhfíorú agam, táim tiomanta féachaint ar roghanna éagsúla chun infheisteoirí a dhreasú chun infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí nó i ngníomhaíochtaí nuálacha agus dea-chleachtais dhomhanda á gcur san áireamh.

Beidh comhairliúchán críochnúil, rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara uile agus measúnú ar na roghanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann ag teastáil le haghaidh aon tionscnamh nó togra nua. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, rachaidh mé i dteagmháil freisin leis na Coimisinéirí eile agus leis na Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin lena mbaineann, chomh maith leis an bParlaimint, leis an gComhairle agus le páirtithe leasmhara.